



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséal, 7.12.2023  
COM(2023) 783 final

2023/0455 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 850 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

D'fhorbair an tAontas Eorpach creat rialála cuimsitheach le haghaidh ceimiceán chun leibhéal ard cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol ar éifeachtaí díobhálacha ceimiceán agus tacú le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh ceimiceán agus iomaíochas agus nuálaíocht thionscal an Aontais á gcur chun cinn freisin. Breis is 40 píosa reachtaíochta atá sa chreat lena dtugtar aghaidh orthu seo a leanas: (i) táirgeadh agus cur ar an margadh ceimiceán agus táirgí ina bhfuil ceimiceáin; (ii) astaíochtaí ceimiceán agus sábháilteacht (iii) oibríthe; (iv) earraí tomhaltais; (v) bia agus ábhar beatha; (vi) agus an comhshaol.

Thángthas ar an gconclúid sa tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin<sup>1</sup>, tríd is tríd, go soláthraítear leis an gcreat sin de ghníomhartha Aontais na torthaí beartaithe agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Mar sin féin, is ann d'easnamh i gcomhsheasmhacht measúnuithe sábháilteachta, in éifeachtúlacht na bunoire teicniúla agus eolaíche, agus i gcomhsheasmhacht rialacha trédhearcachta. Tacaítear le cur chun feidhme na n-ionstraimí reachtacha aonair le méid mór oibre teicniúla agus eolaíche. Ag brath ar an reachtaíocht i gceist, comhlachtaí éagsúla a thionscnaíonn an obair i dtráthanna éagsúla, agus úsáid á baint acu as sonraí éagsúla, agus is iad gníomhaireachtaí éagsúla den Aontas (an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA'), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA'), an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('EEA') agus an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach ('EMA')), coistí eolaíocha, grúpaí saineolaithe, ranna an Choimisiúin agus conraitheoirí a dhéanann an obair.

Bíonn ina dtoradh air sin uaireanta torthaí neamh-chomhsheasmhacha ar mheasúnuithe le haghaidh na gceimiceán céanna sa reachtaíocht éagsúil. Tuigtear leis an staid sin freisin úsáid neamhéifeachtúil acmhainní agus bíonn costais neamhriachtanacha i gceist – mar shampla roinnt coistí a fheidhmiú a mbíonn measúnuithe cosúla á ndéanamh acu, measúnú á dhéanamh ar an gceimiceán céanna ag roinnt coistí nó comhlachtaí, dúbláil na hoibre tacaíochta teicniúla agus eolaíche a bhféadfadh torthaí éagsúla measúnaithe guaise nó riosca a bheith ina dtoradh uirthi. Ina theannta sin, na measúnuithe sin nach mbíonn ar siúl ag gníomhaireachtaí an Aontais, braitheann páirtithe leasmhara uaireanta nach bhfuil siad trédhearcach agus ionchuimsitheach a ndóthain nó nach bhfuil siad ar chaighdeán ná ar stóinseacht eolaíoch leordhóthanach.

Agus é ag cur le torthaí na seiceála oiriúnachta, gheall an Coimisiún sa [Chomhaontú Glas don Eoraip](#)<sup>2</sup> go gcuirfear [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht](#)<sup>3</sup> ('an Straitéis') i láthair. Mar chuid den obair sin, gheall sé go dtosódh sé ag úsáid an chur chuige '**substaint amháin** –

---

<sup>1</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Seiceáil Oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan REACH san áireamh), chomh maith le gnéithe gaolmhara den reachtaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le tionscail iarteachtacha a ghabhann leis an doiciméad: Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Torthaí na Seiceála Oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan REACH a áireamh) agus dúshláin, bearnaí agus laigí a saináithníodh ([SWD\(2019\) 199](#)).

<sup>2</sup> An Comhaontú Glas don Eoraip. [COM \(2019\) 640 final](#).

<sup>3</sup> An Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht [COM \(2020\) 667 final](#).

**measúnú amháin**’ chun **feabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht eisiúint na measúnuithe sábháilteachta** ar cheimiceáin ar fud píosaí éagsúla de reachtaíocht an Aontais.

Tríd is tríd, leis an geur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’ díritear ar na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht measúnuithe sábháilteachta. Cumhdaítear leis:

- *Tionscnamh measúnuithe sábháilteachta ceimiceán.* Ciallaíonn sé sin tionscnamh nó spreagadh measúnuithe a shioncrónú agus a chomhordú agus measúnú a dhéanamh ar ghrúpaí substaintí in ionad measúnú a dhéanamh ar shubstaintí ar leithligh, a mhéid is féidir.
- *Sannadh cúraimí.* Áirítear leis sin leithdháileadh soiléir freagrachtaí ar chomhlachtaí a dhéanann measúnuithe, úsáid mhaith a bhaint as an saineolas agus acmhainní atá ar fáil, chomh maith le dea-chomhar idir na páirtithe lena mbaineann a áirithiú.
- *Faisnéis.* Áirithítear go bhfuil faisnéis so-aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach, slán, d’ardcháilíocht, agus gur féidir í a roinnt agus a athúsáid chun a áirithiú go mbíonn rochtain ag measúnóirí ar na sonraí uile atá ar fáil gan ualach teicniúil ná riaracháin.
- *Modheolaíochtaí.* Na modhanna a úsáidtear do na measúnuithe, tá siad comhleanúnach agus comhchuibhithe, a mhéid is indéanta.
- *Trédhearcacht.* Áirithítear leibhéal ard trédhearcachta i ndáil le measúnuithe a dhéanamh, chomh maith leis na sonraí eolaíocha foluiteacha agus faisnéis faoi cheimiceáin.

Leagtar amach dhá phríomhghníomhaíocht sa Straitéis chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht fhoriomlán, mar atá:

- ‘**úsáid saineolais agus acmhainní a chuíchóiriú trí athshannadh na hoibre teicniúla agus eolaíche** ar cheimiceáin a dhéantar faoi na píosaí reachtaíochta ábhartha do ghníomhaireachtaí Eorpacha a mholadh, lena n-áirítear obair an Choiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn agus an Choiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí’;
- ‘sannadh soiléir freagrachtaí agus **comhar maith idir na gníomhaireachtaí Eorpacha**’ a áirithiú.

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle<sup>4</sup> an cur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’ agus ba dhíol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa<sup>5</sup> an cur chuige ‘substaint amháin, measúnú guaise amháin’.

Le Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú<sup>6</sup>, cuireadh arís eile leis an iarracht sin trí ghealltanais chun comhdhlúthú a dhéanamh ar ról na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an tÚdarás

<sup>4</sup> [Conclúid ón gComhairle maidir leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas, 2021.](#)

<sup>5</sup> Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht (2020/2531(RSP)) ([IO C 371, 15.9.2021, lch. 75](#)).

<sup>6</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All - EU Action Plan: ‘Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil’* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú], ([COM\(2021\) 400 final](#)).

Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile mar Lárionaid Eolais Barr Feabhais an Aontais le haghaidh an Chreata Faireacháin agus Ionchais Truailithe Nialasaigh.

Tá leasuithe spriocdhírthe ar phásoí reachtaíochta atá ann cheana maidir le ceimiceáin de dhíth chun **cúraimí atá ann cheana a athshannadh agus cúraimí nua a shannadh do ghníomhaireachtaí an Aontais**. An teicníc is fearr is ea cúraimí a shannadh trí leasuithe a dhéanamh nuair a dhéantar athbhreithniú ar ghníomhartha aonair an Aontais chun críoch eile, amhail cuspóirí eile den Straitéis a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, i gcás inar féidir, moladh athruithe ábhartha cheana féin nó molfar iad mar chuid de na hathbhreithnithe ar phásoí reachtaíochta aonair nó mar chuid de reachtaíocht nua mar a shonraítear sa roinn thíos.

Dírítear sa togra seo ar leasú a dhéanamh ar na pásoí reachtaíochta sin nach bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair. Moltar ann leasuithe spriocdhírthe chun cúraimí i Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha<sup>7</sup>, agus Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis<sup>8</sup> a shannadh. Leasaítear leis an togra freisin Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil<sup>9</sup> agus Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia<sup>10</sup>. Áiríteofar leis na leasuithe sin comhar maith idir gníomhaireachtaí an Aontais maidir le gach gné lena mbaineann comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht measúnaithe ar cheimiceáin. Áirítear leo sin forbairt modheolaíochtaí, malartuithe sonraí, agus éagsúlacht san aschur eolaíoch a réiteach.

Is iad cuspóirí an togra an méid seo a leanas a áirithiú:

- gur soiléir atá an sannadh freagrachtaí chun na measúnuithe agus an bhunobair theicniúil agus eolaíoch ar cheimiceáin a dhéanamh, go mbaintear leas as sineirgí agus go ndéantar iad a uasmhéadú, agus go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as an saineolas agus na hacmhainní atá le fáil i ghníomhaireachtaí an Aontais;
- go bhfuil na táirgí insoláthartha ar cháilíocht eolaíochta ard agus go bhfuil na nósanna imeachta trédhearcach agus cuimsitheach;
- gurb ann do chomhar agus do chomhordú maith idir na gníomhaithe maidir le gach gné ar a mbunaítear an measúnú ar cheimiceáin, lena n-áirítear forbairt modheolaíochta agus malartú sonraí.

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([IO L 169, 25.6.2019, lch. 45](#)).

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle ([IO L 117, 5.5.2017, lch. 1](#)).

<sup>9</sup> Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaoil ([IO L 126, 21.5.2009, lch. 13](#)).

<sup>10</sup> Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia ([IO L 031, 1.2.2002, lch. 1](#)).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Comhlánaíonn an togra athshannadh cúraimí ar cheimiceáin do ghníomhaireachtaí an Aontais a mholtar cheana féin, atá á bhforbairt mar chuid de na hathbhreithnithe ar phíosáí reachtaíochta aonair, nó atá beartaithe mar chuid de reachtaíocht nua, agus tá an togra i gcomhréir leis an athshannadh sin.

Moladh cheana féin sannadh nó athshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais mar chuid díobh seo a leanas:

- Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine<sup>11</sup>;
- Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte<sup>12</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola<sup>13</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha<sup>14</sup>;
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú truaillithe thionsclaíoch)<sup>15</sup>;
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce<sup>16</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán<sup>17</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht<sup>18</sup>;
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/53/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite<sup>19</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán<sup>20</sup>;

---

<sup>11</sup> [IO L 435 23.12.2020, lch. 1.](#)

<sup>12</sup> [IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.](#)

<sup>13</sup> [COM\(2020\) 798 final.](#)

<sup>14</sup> [COM\(2022\) 157 final.](#)

<sup>15</sup> [COM\(2022\) 156 final/3](#)

<sup>16</sup> [COM\(2022\) 540 final.](#)

<sup>17</sup> [COM\(2022\) 748 final.](#)

<sup>18</sup> [COM\(2022\) 677 final.](#)

<sup>19</sup> [COM/2023/451 final.](#)

<sup>20</sup> [COM\(2023\) 462 final.](#)

- Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1979 ón gCoimisiún lena mbunaítear an fhoirm agus na bunachair sonraí chun an fhaisnéis a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus in Airteagal 21(3) de Threoir 2012/18/AE maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha<sup>21</sup>.

Tá sannadh nó athshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais á mbreithniú mar chuid de na moltaí seo a leanas atá á n-ullmhú:

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán<sup>22</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán<sup>23</sup>;
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 maidir le táirgí cosmaideacha<sup>24</sup>.

Na forálacha a bheartaítear maidir le forbairt modheolaíochtaí agus comhair idir gníomhaireachtaí an Aontais, comhlánaítear leo an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>25</sup> lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 lena leagtar síos nósanna imeachta de chuid an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach, a bhfuil forálacha cosúla ann.

Baineann an togra seo leis an togra atá á ullmhú le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ECHA, a bhféadfadh forálacha cosúla a bheith ann maidir le modheolaíochtaí agus comhar idir gníomhaireachtaí an Aontais is infheidhme maidir le ECHA. Ina theannta sin, breithneofar sa togra maidir le ECHA athstruchtúrú a dhéanamh ar choistí eolaíoch na gníomhaireachta chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an ualach oibre níos mó a eascraíonn as na cúraimí a athshanntar tríd an togra seo agus tríothu sin a liostaítear thuas.

Tá dlúthnasc ag an togra seo leis an bpacáiste reachtach ‘substaintí amháin, measúnú amháin’, agus tá sé ina chuid den phacáiste sin, is é sin an pacáiste céanna ina bhfuil an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE<sup>26</sup> a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear go sonrach Airteagail 5 agus 6 den Treoir sin. Tagraíonn na leasuithe sin do shannadh ról agus cúraimí sonracha do ECHA agus dá choistí eolaíoch sna próisis le haghaidh srianta ar shubstaintí agus measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar dhíolmhú a chomhfhreagraíonn do na srianta, i gcomhréir le nósanna

<sup>21</sup> [IO L 272 20.10.2022, lch. 14.](#)

<sup>22</sup> [An Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – togra le haghaidh bunrialacháin \(europa.eu\)](#)

<sup>23</sup> [An reachtaíocht maidir le ceimiceáin - athbhreithniú ar Rialachán REACH chun cuidiú le timpeallacht atá saor ó thocsainí a bhaint amach \(europa.eu\)](#)

<sup>24</sup> [Straitéis ceimiceán an Aontais um an inbhuanaitheacht – an Rialachán maidir le Táirgí Cosmaideacha \(athbhreithniú\) \(europa.eu\)](#)

<sup>25</sup> [COM/2023/193 final.](#)

<sup>26</sup> Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88).

imeachta atá ann cheana a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006<sup>27</sup> ('Rialachán REACH').

Baineann an togra seo freisin le gníomhaíochtaí eile 'substaint amháin, measúnú amháin' a fógraíodh sa straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – go háirithe leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán<sup>28</sup>. Is é is aidhm don togra sin, i measc nithe eile, comhroinnt agus athúsáid na sonraí agus na faisnéise faoi cheimiceáin a spreagadh i measc ghníomhaireachtaí an Aontais agus údarais inniúla na mBallstát. Rannchuideoidh sé sin a thuilleadh le feabhas a chur ar chomhsheasmhacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht measúnuithe ar cheimiceáin ar fud na reachtaíochta. Sannfar leis freisin roinnt cúraimí nua do ghníomhaireachtaí an Aontais i gcomhroinnt agus i nginiúint sonraí, agus i mbainistíocht sonraí agus faisnéise chomh maith.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Sannadh agus athshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla sa mheasúnú ar cheimiceáin do ghníomhaireachtaí an Aontais, tá sé i gcomhréir le cuspóirí an chláir oibre 'Rialáil Níos Fearr'. Tairbhíonn gníomhaireachtaí an Aontais de shaineolas láidir eolaíoch agus de phróisis thrédhearcacha chuimsitheacha, lena dtacaítear go héifeachtach leis an gceapadh beartas. An obair i ghníomhaireachtaí an Aontais a chomhdhlúthú agus dá bhrí sin an líon comhlachtaí lena mbaineann a laghdú, rannchuidíonn sé le nósanna imeachta a shimpliú agus a chaighdeánú agus le hualaí riaracháin a laghdú.

Rannchuidíonn an togra freisin le cuspóirí bheartais an Aontais maidir le sonraí agus cúrsaí digiteacha trí idir-inoibritheacht agus meaisín-inléiteacht sonraí maidir le ceimiceáin atá ag gníomhaireachtaí an Aontais a chur chun cinn.

## **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagail 43, 114, 207, 168(4)(c) agus 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá leis an togra seo. Rialachán 'omnibus' atá sa togra lena leasaítear ceithre rialachán a bhfuil a mbunús dlí féin ag gach ceann acu. Tá Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 bunaithe ar Airteagail 43, 114, 207 agus 168(4)(c), tá Rialachán (AE) 2019/1021 bunaithe ar 192(1) CFAE, tá Rialachán (AE) 2017/745 bunaithe ar Airteagail 114 agus 168(4)(c) CFAE, agus tá Rialachán 401/2009 bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE.

---

<sup>27</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([IO L 396, 30.12.2006, lch. 1](#)).

<sup>28</sup> Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán (COM(2023) 779)

Is iomchuí, dá bhrí sin, an Rialachán seo a bhunú ar bhunúis dlí uile na ngníomhartha aonair atá á leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Déanfar leis an tionscnamh seo ionstraimí dlí an Aontais a athbhreithniú agus a leasú ar bhealach spriocdhírthe. Dírítear na hathbhreithnithe ar shannadh cúraimí chun obair eolaíoch agus teicniúil a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rud is gá chun na hionstraimí sin a oibriú. Ó tharla nach bhféadfaidh na Ballstáit athshannadh cúraimí do Ghníomhaireachtaí an Aontais, ar comhlachtaí den Aontas iad a rialáiltear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, a áirithiú ní fhéadfar ach cuspóir a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh amháin, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú dá réir sin.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis<sup>29</sup>, déantar measúnú ar thionchar riaracháin na n-athbhreithnithe a bheartaítear agus athshannadh cúraimí eile do ghníomhaireachtaí an Aontais i dtograí reachtacha eile á gcur san áireamh.

Cúraimí atá ann cheana is ea iad na cúraimí eolaíoch agus teicniúla a shanntar do ECHA sa togra seo atá cosúil le cúraimí a bhíonn a ndéanamh ag an ngníomhaireacht cheana féin faoi pháirt reachtaíochta eile. An méadú beag ar chostais riaracháin, tá sé i gcomhréir le breisluach athshannadh na gcúraimí. Eascraíonn an breisluach as cáilíocht fheabhsaithe agus stóinseacht eolaíoch na measúnuithe, as trédhearcacht agus cuimsitheacht neartaithe na nósanna imeachta, agus as comhsheasmhacht fheabhsaithe le measúnuithe a dhéantar faoi pháirt reachtaíochta eile.

San fhadtéarma, is é a bheidh ina thoradh ar chomhsheasmhacht fheabhsaithe mheasúnuithe eolaíoch an Aontais roghanna beartais níos fearr, níos feasaí agus níos éifeachtúla ar mhaithe leis an bpobal, leis an tionscal agus leis an gcomhshaol. Laghdófar leis na leasuithe a bheartaítear freisin an t-ualach riaracháin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar obair eolaíoch níos cuíchóirithe agus ar sheachaint na dúblála.

- **An rogha ionstraime**

Leis na hathruithe inmhianaithe, éilítear leasuithe spriocdhírthe ar fhorálacha sonracha a bhaineann le ról agus le cúraimí Gníomhaireachtaí i measúnuithe eolaíoch. Chuige sin, is gá ceithre rialachán a leasú trí bhíthin rialachán Omnibus a bheidh infheidhme go díreach.

### **3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

---

<sup>29</sup> Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis na doiciméid Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (SWD (2023) 850)

In 2019 a rinneadh an tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (ina ndearnadh breis is 40 píosa reachtaíochta)<sup>30</sup>. Thángthas ar an gconclúid go soláthraítear leis an reachtaíocht, tríd is tríd, na torthaí beartaithe agus go bhfuil an reachtaíocht oiriúnach don fheidhm. Mar sin féin, ní éiríonn leis an reachtaíocht lán a hacmhainneachta a bhaint amach mar gheall ar roinnt laigí móra. Sainaithníodh ann easnaimh ar fud an chreata i gcomhsheasmhacht na measúnuithe sábháilteachta, in éifeachtúlacht na bunobire teicniúla agus eolaíche, agus i gcomhsheasmhacht na rialacha trédhearcachta. Bíonn ina dtoradh ar na heasnaimh sin measúnuithe sábháilteachta neamhréireacha, nósanna imeachta malla, úsáid neamhéifeachtúil acmhainní, ualaigh nach gá, easpa (bhraite) trédhearcachta, agus tionchar ar cháilíocht na comhairle eolaíche.

Léiríodh sa tseiceáil oiriúnachta freisin gurb ann do dheiseanna móra chun an obair theicniúil agus eolaíoch a chuíchóiriú trí ghníomhaireachtaí an Aontais. Ar an gcaoi sin, chuirfí feabhas ar éifeachtúlacht na reachtaíochta maidir le ceimiceáin (e.g. sheachnófaí dúbláil iarrachtaí agus bhainfí an úsáid ab fhearr as an saineolas atá le fáil i ghníomhaireachtaí an Aontais) agus dhéanfaí an reachtaíocht níos comhsheasmhaí (e.g. laghdófaí an riosca de thorthaí éagsúla ar mheasúnuithe guaise nó riosca ar leibhéal an Aontais). Shimpleofaí leis freisin an leagan amach atá ann faoi láthair, chuirfí feabhas ar cháilíocht na measúnuithe, agus d'áiritheofaí intuarthacht le haghaidh páirtithe leasmhara agus le haghaidh an phobail.

Tugann an togra seo aghaidh go díreach ar na fadhbanna agus na deiseanna a sainaithníodh sa tseiceáil oiriúnachta.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'fhoilsigh an Coimisiún **glao ar fhianaise** le haghaidh an tionscnaimh maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as gníomhaireachtaí an Aontais chun measúnuithe eolaíoch a chuíchóiriú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin [Cloisimis uait!](#) an 15 Márta 2022. Iarradh ar an bpobal agus ar na páirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar faoin 12 Aibreán 2022. Fuarthas 65 aighneacht san iomlán. Ó chomhlachais ghnó agus cuideachtaí (thart ar 70 % de na haighneachtaí) a fuarthas formhór na n-aighneachtaí, agus ina ndiaidh sin bhí aighneachtaí ó shaoránaigh den Aontas (11 %), eagraíochtaí neamhrialtasacha (6 %), údaráis phoiblí (6 %), eile (5 %) agus institiúidí acadúla/taighde (1,5 %).

Go ginearálta, bhí tacaíocht mhór leis an tionscnamh i measc na bhfreagróirí maidir leis an gcur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’, chomh maith leis an tionscnamh sonrath maidir le hathshannadh cúraimí. Léirigh 67 % de fhreagróirí a dtacaíocht fhollasach, níor léirigh 23 % a dtuairim go follasach ach sholáthair siad comhairle ábhartha maidir le conas an cur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’ a fhorbairt. Léirigh thart ar 10 % amhras maidir lena úsáidí atá an tionscnamh nó léirigh siad go raibh siad in aghaidh an tionscnaimh.

Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas agus chuathas i gcomhairle leo freisin maidir leis an athshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais le linn an **tSeisiúin Faisnéise** maidir le **Substaint Amháin, Measúnú Amháin le Páirtithe Leasmhara** a réachtáladh an 1 Meitheamh 2022. Lean thart ar 800 rannpháirtí an t-imeacht sin ar líne.

Rinneadh plé fairsing maidir le hathshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais le hionadaithe na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais ag na **crúinnithe den Ghrúpa**

---

<sup>30</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Torthaí na Seiceála Oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan REACH a áireamh) agus dúshláin, bearnaí agus laigí a sainaithníodh ([COM/2019/264 final](#)).

**Saineolaithe maidir le Substaint Amháin, Measúnú Amháin**<sup>31</sup> an 2-3 Meitheamh 2022 agus an 30 Márta 2023. Ionadaithe na mBallstát agus Gníomhaireachtaí an Aontais a ghlac páirt i gcruinnithe an ghrúpa saineolaithe, thacaigh siad leis an tionscnamh freisin agus sholáthair siad moltaí coincreíteacha maidir leis an athshannadh.

### **Príomhionchur a fuarthas ó na comhairliúcháin**

Maidir leis an aiseolas faoin athshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais a fuarthas ón nglao ar fhianaise agus ó na Ballstát agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais le linn cruinnithe den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Substaint Amháin, Measúnú Amháin, is féidir é a ghrúpáil ina sé réimse:

#### *Leibhéal an láraithe*

Mhol páirtithe leasmhara agus na Ballstát nár cheart go mbeadh ina thoradh ar an athshannadh oibre go mbeadh aon ghníomhaireacht amháin freagrach as na meastóireachtaí riosca le haghaidh gach ceimiceáin. Ní mór freagrachtaí gach gníomhaireachta a leagan amach go soiléir sna rialacháin.

Léirítear an moladh sin sa togra. Ní athshanntar cúraimí idir gníomhaireachtaí an Aontais leis an togra. Is é is aidhm don togra na cúraimí sin a dhéanann comhlachtaí nach gníomhaireachtaí an Aontais iad, agus na cúraimí sin amháin, a athshannadh.

#### *Saineolas*

Mhol páirtithe leasmhara gur cheart athshannadh cúraimí a dhéanamh bunaithe ar an saineolas atá sna gníomhaireachtaí cheana féin lena áirithiú go dtairbhíonn an ghníomhaireacht a fhaigheann an cúram den saineolas is gá. Ba cheart a áirithiú go gcaomhnaítear an saineolas luachmhar a fhaigheann comhlachtaí atá ann cheana. Saineolas i measúnuithe riosca faoi na rialacháin éagsúla, ba cheart an saineolas a fhágáil leis na gníomhaireachtaí sin atá freagrach astu faoi láthair. Is í gach gníomhaireacht is fearr is féidir measúnuithe sonracha a stiúradh agus a dhéanamh mar gheall ar a saineolas fairsing in ábhair tháirgeshonracha e.g. EFSA le haghaidh úsáid bia, EMA le haghaidh úsáid cógas.

Léirítear na moltaí sin sa togra. Maidir leis na critéir a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh faoin ngníomhaireacht den Aontas ar cheart dí cúram áirithe a dhéanamh, áirítear leo cosúlacht leis an saineolas atá ann cheana agus an chaoi a n-oireann an cúram do chroíchúram agus do shainordú gníomhaireachta. Maidir leis an tionscnamh agus an togra, ní athraítear na coinníollacha chun sonraí a úsáid sna próisis rialála mar thoradh orthu agus coinnítear ar bun leo ‘speisialtóireacht’ na ngníomhaireachtaí.

#### *Acmhainní*

D’áitigh na Ballstát nach mór na hacmhainní is gá a bheith ag gabháil leis na cúraimí nua le haghaidh na ngníomhaireachtaí. Níor cheart a bheith ina thoradh ar athshannadh oibre nach bhféadfadh gníomhaireacht nó coiste an t-ualach oibre a bhainistiú agus cáilíocht na hoibre a chur i mbaol.

Léirítear an moladh sin sa togra. Tá measúnú mionsonraithe ar riachtanais ghníomhaireachtaí an Aontais ó thaobh acmhainní agus acmhainneachta de ag gabháil leis an togra. Tá ag gabháil leis na tograí maidir le cúraimí a athshannadh (a dhéantar mar chuid de na hathbhreithnithe ar fhíosaí reachtaíochta aonair nó mar chuid den togra omnibus seo) tograí maidir le hacmhainní airgeadais agus daonna lena áirithiú go mbíonn acmhainní leordhóthanacha ar fáil agus sineirgí agus barainneacht scála á gcur san áireamh.

<sup>31</sup> [An Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d’eintitis eile den saghas céanna \(europa.eu\).](https://ec.europa.eu/food/safety/european_food_safety_authority/european_food_safety_authority_en)

### *Eagrú coistí eolaíocha*

Thug na Ballstáit le fios go bhféadfadh sé go mbeadh atheagrú de dhíth ar choistí na ngníomhaireachtaí, go háirithe coistí ECHA, chun freastal ar an ualach oibre níos mó, go háirithe toisc go bhfuil ualach mór oibre cheana féin ar an gcoiste um measúnú riosca (RAC) de ECHA. In ionad painéil nó coistí eolaíocha nua a chruthú, ba cheart do na ngníomhaireachtaí na painéil, na coistí agus na grúpaí saineolaithe/meithleacha atá ann cheana a threisiú agus a athúsáid más féidir. I gcás ar bith, ba cheart do phainéal neamhspleách, coiste neamhspleách nó grúpa saineolaithe atá neamhspleách measúnuithe sábháilteachta a dhéanamh.

Léirítear an moladh sin go páirteach sa togra. Na hacmhainní a sholáthraítear le haghaidh an togra seo, rachaidh siad chun tairbhe na gcoistí eolaíocha lena mbaineann freisin. Tabharfar aghaidh ar struchtúr choistí ECHA mar chuid den Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán<sup>32</sup>, atá á ullmhú. Is neamhspleách atá coistí eolaíocha gach gníomhaireachta, agus ní athraítear é sin.

### *Cúraimí le hathshannadh*

Mhol roinnt páirtithe leasmhara agus Ballstát gur cheart do ECHA a bheith páirteach i measúnuithe guaise mar chuid den mheasúnú ar ábhar teagmhála bia, agus gur cheart do EFSA a bheith páirteach i measúnuithe riosca. Ba cheart na ngníomhaireachtaí a chur san áireamh agus measúnú a dhéanamh ar chomhábhair cosmaidí, caighdeáin cáilíochta comhshaoil a chinneadh faoin Treoir Réime maidir le hUisce, agus i dtuairimí maidir le substaintí ceimiceacha i dtáirgí (i.e. i mbréagáin).

Léirítear an bharúil sin sa togra. Breithníodh an reachtaíocht a moladh agus na cúraimí uile lena n-athshannadh, agus rinneadh na moltaí nó tá siad á n-ullmhú.

### *Measúnú ar thionchair fhéideartha ar oibreoirí gnó*

Mhol roinnt freagróirí ó pháirtithe leasmhara measúnú tionchair a dhéanamh ar an tionscnamh ‘substaint amháin, measúnú amháin’ lena áirithiú go mbreithnítear go leordhóthanach tionchair fhéideartha ar ghnólachtaí agus go mbíonn gnólachtaí páirteach i bhforbairt an tionscnaimh.

Léirítear an moladh sin sa togra. Cé nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair foirmiúil, rinneadh measúnú ar na tionchair i gcás inarbh ábhartha agus inarbh fhéidir sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo<sup>33</sup>, agus cuireadh béim ar leith ar na tionchair ar acmhainní ghníomhaireachtaí an Aontais. Ní bheidh costais ar ghnólachtaí i gceist leis na bearta a mholtar ná ní bheidh tionchar eacnamaíoch acu ar scála an Aontais.

#### • **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Bhreithnigh an Coimisiún ionchur a sholáthair gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann nuair a rinne sé measúnú ar cé na cúraimí is fiú a athshannadh do ghníomhaireachtaí an Aontais, conas ba cheart iad a shannadh, chomh maith le héifeachtaí féideartha ar na ngníomhaireachtaí sin.

#### • **Measúnú tionchair**

Sa tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht uile maidir le ceimiceáin (gan REACH a áireamh), rinneadh measúnú ar fhormhór na ndúshlán agus na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu sa tionscnamh seo agus thángthas ar an gconclúid gurb ann do dheiseanna móra chun an obair

<sup>32</sup> [An Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – togra le haghaidh bunrialacháin \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R0850)

<sup>33</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 850

theicniúil agus eolaíoch a chuíchóiriú trí ghníomhaireachtaí an Aontais. Thairis sin, is beag rogha atá ag an rogha beartais ó thaobh bhaint amach chuspóirí an tionscnaimh de. Ní féidir an comhdhlúthú ar an obair theicniúil agus eolaíoch ar cheimiceáin ar leibhéal an Aontais a dhéanamh ach i ngníomhaireachtaí an Aontais amháin. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair foirmiúil. Rinneadh measúnú ar na tionchair i gcás inarbh ábhartha agus inarbh fhéidir mar sin féin sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo<sup>34</sup>.

Ar an iomlán, meastar go gcuirfeadh feabhas ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht phróisis an Aontais le haghaidh measúnuithe ar cheimiceáin chun leasa gach páirtí leasmhair mar thoradh ar an togra seo. Tairbheoidh saoránaigh agus an comhshaol de chosaint níos fearr ar cheimiceáin chontúirteacha mar thoradh ar phróisis mheasúnaithe níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Tairbheoidh cuideachtaí de phróisis níos comhchuibhithe agus níos trédhearcaí ar fud na reachtaíochta, de líon laghdaithe comhlachtaí atá páirteach i measúnuithe sábháilteachta agus riosca, agus de dheimhneacht níos mó maidir le bailíocht measúnuithe. Ar deireadh, tairbheoidh na húdaráis náisiúnta agus údaráis an Aontais d'éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh soláthar measúnuithe de agus de mhuintín agus glacadh níos mó i measc an phobail i ndáil le cinntí rialála.

- **Comhsheasmhacht eolaíoch agus comhleanúnachas níos fearr maidir le measúnuithe** – Maidir leis an líon laghdaithe gníomhairí atá páirteach san obair eolaíoch agus theicniúil, chomh maith le comhar níos mó agus oibleagáid tuairimí éagsúla idir ghníomhaireachtaí a réiteach, tá mar thoradh air comhleanúnachas agus comhsheasmhacht eolaíoch níos fearr – ó ghníomhartha éagsúla an Aontais, agus ó phróiseas measúnaithe go chéile a leagtar amach sna gníomhartha sin. Mar thoradh ar chomhdhlúthú na hoibre, is fearr is féidir an leagan amach tosaíochtaí, amlínte, próisis, agus modheolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh na measúnuithe a ailíniú. Éascaítear leis athúsáid léargas measúnaithe a forbraíodh faoi aon ghníomh amháin de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin i bpróiseas measúnúcháin faoi ghníomh eile.
- **Feabhas a chur ar stóinseacht an mheasúnaithe, na muiníne agus an ghlactha i leith cinntí rialála** – Mar thoradh ar rannpháirtíocht ghníomhaireachtaí an Aontais san obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin, is mó an saineolas eolaíoch atá ann, áiríthítear ardcháilíocht na comhairle eolaíche, agus cuirtear feabhas ar stóinseacht na measúnuithe agus, dá bhrí sin, ar a nglacadh.
- **Neamhspleáchas na comhairle eolaíche a neartú** – Ach obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin a bhogadh ón gCoimisiún, ó choistí *ad hoc* nó ó shainchomhairleoirí chuig gníomhaireachtaí an Aontais agus chuig a gcoistí, treisítear neamhspleáchas na comhairle eolaíche agus an deighilt idir an eolaíocht agus an beartas nó idir an measúnú riosca agus an bhainistíocht riosca. Tá na gníomhaireachtaí neamhspleách agus oibríonn a gcoistí faoi rialacha diana chun coinbhleacht leasa a sheachaint, rud a fheabhsaíonn na deimhnithe go gcuirtear comhairle eolaíoch neamhspleách ar an gCoimisiún.
- **Trédhearcacht fheabhsaithe** – Má bhíonn gníomhaireachtaí an Aontais rannpháirteach in obair eolaíoch agus theicniúil, áiríteofar trédhearcacht na bpróiseas.
- **Éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh soláthar measúnuithe de** – Má láraítear obair mheasúnaithe i ngníomhaireachtaí an Aontais, féadfar cumais a athúsáid, eolas agus taithí a athúsáid, agus uirlisí TF agus seirbhísí tacaíochta a athúsáid.

<sup>34</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 850

Cé nach mbeidh costais ar ghnólachtaí i gceist leis na bearta a mholtar ná nach mbeidh tionchar eacnamaíoch acu ar scála an Aontais, beidh tionchar mór ag an tionscnamh ar riachtanais ghníomhaireachtaí an Aontais ó thaobh acmhainní agus acmhainneachta de. Rinneadh measúnú cainníochtúil mionsonraithe ar an tionchar sin i gcomhar leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann. An t-athshannadh cúraimí a rinneadh mar chuid de na píosaí reachtaíochta aonair, rinneadh measúnú air mar chuid dá measúnuithe tionchair féin. Maidir leis an athshannadh cúraimí a rinneadh mar chuid den togra seo le haghaidh rialachán omnibus lena leasaítear ceithre phíosa reachtaíochta, chomh maith leis an togra a ghabhann leis le haghaidh Treoir lena leasaítear an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha, cuirtear an measúnú i láthair sa doiciméad inmheánach oibre<sup>35</sup> a ghabhann leis an togra seo. Tá achoimre sa doiciméad sin ar thionchar gach cúraim a athshannar agus déantar measúnú ann ar a dtionchar carnach ar ghníomhaireachtaí an Aontais.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an athshannadh cúraimí do ghníomhaireachtaí an Aontais a mholtar agus na forálacha lena gceanglaítear comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais, cuirfear feabhas ar chomhleanúnachas, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus trédhearcacht an chreata dhlíthiúil ar cheimiceáin ina iomláine, agus go háirithe na measúnuithe ar cheimiceáin.

Ach cúraimí a athshannadh ar ghníomhaireachtaí an Aontais, cumasófar úsáid éifeachtúil acmhainní mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Cumais atá ann cheana maidir le measúnuithe guaise, riosca, nochta agus socheacnamaíoch a athúsáid, forbairt tuairimí coiste, comhairliúchán le páirtithe leasmhara;
- Sonraí guaise agus riosca atá ann cheana a athúsáid;
- an bharrinneacht scála a bhaineann le seirbhísí tacaíochta eolaíche agus uirlisí TF a athúsáid.

An t-athshannadh cúraimí agus oibleagáidí do ghníomhaireachtaí chun comhoibriú a dhéanamh ar fhorbairt modheolaíochtaí atá á mholadh, ginfidh sé breisluach i dtéarmaí feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht eolaíoch ar fud na reachtaíochta maidir le ceimiceáin agus ar cháilíocht agus ar stóinseacht eolaíoch na measúnuithe. Ina theannta sin, cuirfear feabhas mór ar thrédhearcacht agus ar chuimsitheacht na bpróiseas trí chúraimí a athshannadh. Rathóidh sé freisin neamhspleáchas na bpróiseas agus áiritheoidh sé deighilt idir an measúnú riosca agus an bhainistíocht riosca.

Na forálacha a bheartaítear lena gceanglófar comhar idir gníomhaireachtaí maidir le sonraí a mhalartú agus formáidí agus foclóirí rialaithe a shocrú, cuirfear chun cinn idir-inoibritheacht sonraí agus éascófar an digitiú. Tá tábhacht leis sin freisin chun an cuspóir a bhaint amach maidir le bacainní teicniúla ar chomhroinnt sonraí a bhaint ar cuspóir é a dhéantar iarracht é a bhaint amach sa togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsiú, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán.

Tá tionchar dearfach ar an iomlán ag an togra ar chuideachtaí, lena n-áirítear ar chuideachtaí beaga agus meánmhéide agus ar mhicrifhiontair. Ach an obair eolaíoch agus theicniúil a lárú i ngníomhaireachtaí an Aontais, laghdófar an líon coistí, grúpaí saineolaithe nó measúnóirí ar

---

<sup>35</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 850

gá do na cuideachtaí idirghníomhú leo i gcás gníomhaíocht rialála maidir le ceimiceán. Thairis sin, is caighdeánaithe ar fud na reachtaíochta a bheidh nósanna imeachta measúnúcháin agus comhairliúcháin, chomh maith le huirlisí TF a úsáidtear chun sonraí agus faisnéis a chur isteach ar fud na reachtaíochta, agus dá bhrí sin is éasca a bheidh sé iad a bhainistiú agus a leanúint. Ach comhleanúnachas na measúnuithe a neartú agus an acmhainneacht le haghaidh torthaí eolaíochá éagsúla a laghdú ar fud na reachtaíochta, laghdófar an éiginnteacht le haghaidh cuideachtaí.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon impleacht ag an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

#### 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an ráiteas airgeadais atá i gceangal leis an bpacáiste ‘**substaint amháin, measúnú amháin**’, lena n-áirítear:

- an togra reatha,
- an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíochá agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, agus
- an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán.

Cumhdaítear leis an ráiteas airgeadais freisin na himpleachtaí airgeadais don Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus don Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil a bhaineann leis na tograí a ghlac an Coimisiún cheana féin nach léirítear iad sna ráitis airgeadais reachtacha a ghabhann leis, mar atá:

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht<sup>36</sup>,
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasófar Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl<sup>37</sup>, agus
- Togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite<sup>38</sup>.

Léirítear sa ráiteas airgeadais na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna is gá sa Choimisiún, in ECHA, EEA, EFSA agus EMA. Léirítear leis na tionchair sin idir athruithe i sannadh freagrachtaí ó ghníomhaireacht go chéile agus sannadh cúraimí nua a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí. Is iad seo a leanas na príomhthionchair:

- Maidir le ECHA, méadú EUR 24,2 milliún ar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh na tréimhse 2025-2027, agus 17 TA agus 13 CA sa bhreis;

---

<sup>36</sup> [COM \(2022\) 677 final.](#)

<sup>37</sup> [COM \(2023\) 420 final.](#)

<sup>38</sup> [COM \(2023\) 451 final.](#)

- Maidir le EEA, méadú EUR 4,5 milliún ar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh na tréimhse 2025-2027, agus 4 TA agus 2 CA sa bhreis;
- Maidir le EFSA, 2 CA sa bhreis gan mhéadú ar ranníocaíocht an Aontais;
- Ranníocaíocht/comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse le EFSA agus EMA le haghaidh méid measta EUR 4,4 milliún le haghaidh na tréimhse 2025-2027 chun 3 CA sa bhliain i gcás EFSA, 3 CA sa bhliain i gcás EMA, agus buiséad oibríochtúil a chumhdach.

Soláthraítear an míniúchán mionsonraithe ar riachtanais airgeadais na dtograí sa ráiteas airgeadais agus sna tograí faoi seach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an éifeachtúlacht i bhfeidhmiú na gcúraimí sannta i ngníomhaireachtaí an Aontais mar chuid den mheastóireacht thráthrialta ar fheidhmíocht na ngníomhaireachtaí. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht agus tuairisciú ar an gcur chun feidhme mar chuid d'oibleagáidí athbhreithnithe nó tuairiscithe gach pósa reachtaíochta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear le **hAirteagal 1** Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 (an Rialachán maidir le Dlí Ghinearálta an Bhia)<sup>39</sup>. Áirítear leis forálacha lena gcuirtear ar a chumas do EFSA dul i gcomhar níos fearr le ECHA, EMA agus EEA agus comhordú níos fearr a dhéanamh leo. Mar thoradh ar an gcomhar sin, bheadh measúnuithe eolaíocha níos comhsheasmhaí ar cheimiceáin agus spreagfaí na gníomhaireachtaí chun tuairimí eolaíocha agus modheolaíochtaí comhsheasmhacha a fhorbairt, agus saintréithe earnála sonracha á gcur san áireamh. Leis na forálacha maidir le malartú sonraí agus faisnéise, thabharfaí an tAontas céim ní ba ghaire do spriocanna ‘substaint amháin, measúnú amháin’. Is féidir idir-inoibritheacht níos mó a bhaint amach agus próisis eolaíocha a dhéanamh níos láidre leis na forálacha sin.

Leasaítear le **hAirteagal 2** Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 (an Rialachán lena mbunaítear EEA)<sup>40</sup>. Áirítear leis cuíchóiriú a dhéanamh ar oibleagáidí ar EEA chun forbairt modheolaíochtaí measúnúcháin a chur chun cinn agus a chomhordú agus leagtar ar EEA freisin an oibleagáid maidir le comhar a leagtar amach faoi Airteagal 1 le haghaidh EFSA.

Leasaítear le **hAirteagal 3** Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2017/745 (an Rialachán maidir le Feistí Leighis)<sup>41</sup> chun é a chur de chúram ar ECHA treoirlínte atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an measúnú riosca-tairbhe ar thaláití a bheith i bhfeistí leighis. Forbróidh an ghníomhaireacht treoirlínte le haghaidh substaintí eile freisin, a n-aicmítear iad

<sup>39</sup> Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia ([IO L 31, 1.2.2002, lch. 1](#)).

<sup>40</sup> Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaoil ([IO L 126, 21.5.2009, lch. 13](#)).

<sup>41</sup> Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle ([IO L 117, 5.5.2017, lch. 1](#)).

mar a bheith carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh, atá i gcatagóir 1A nó 1B nó a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach le haghaidh shláinte an duine de Chatagóir 1 acu, i gcomhréir le Cuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 (Rialachán CLP)<sup>42</sup>.

Leasaítear le h**Airteagal 4** Rialachán (AE) 2019/1021 trína chur ar a chumas don Choimisiún iarraidh ar ECHA tuarascáil a fhorbairt ina ndéantar anailís ar an tionchar ar shláinte an duine, an tionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann le teorainnluachanna tíuchana a shonraítear in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 (Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha)<sup>43</sup>. I gcomhar leis an gceanglas a tugadh isteach le déanaí le haghaidh tuairim ó Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch na gníomhaireachta maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na teorainnluachanna tíuchana a bheartaítear inti, soláthrófar sa tuarascáil sin an tsaintacaíocht is gá don Choimisiún chun an togra riachtanach a fhorbairt chun na teorainneacha tíuchana sna hIarscríbhinní sin a thabhairt isteach nó a leasú.

Agus cineál an-teicniúil na leasuithe á chur san áireamh, tugtar isteach leis an bhforáil sin freisin glacadh leasuithe ar Iarscríbhinní IV agus V trí bhíthin gníomh tarmhligthe. Chun forbairt boinn eolais chuimsithigh maidir le nochtadh do cheimiceáin agus tocsaineacht a chur chun cinn, agus chun sreabha sonraí a chuíchóiriú i gcomhréir leis an sprioc bheartais 'substaint amháin, measúnú amháin', déanann an fhoráil sreabha sonraí maidir le substaintí ar truailleáin orgánacha mharthanacha iad sa chomhshaoil a atreorú chuig EEA, atá ar an ngníomhaireacht atá freagrach as sonraí teagmhais maidir le ceimiceáin sa chomhshaoil a bhailiú.

---

<sup>42</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([IO L 353, 31.12.2008, lch. 1](#)).

<sup>43</sup> Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([IO L 169, 25.6.2019, lch. 45](#)).

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 43, 114, 168(4)(c), 192(1) agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip<sup>1</sup> uailmhian ard chun an t-aistriú i dtreo timpeallacht saor ó thocsainí agus truailliú nialasach a chumasú. An Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht<sup>2</sup> ('an Straitéis'), is beart ríthábhachtach í chun an uailmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach agus tugtar isteach léi an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' arb é is aidhm dó feabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas, agus trédhearcacht measúnuithe sábháilteachta ar cheimiceáin ar fud reachtaíocht an Aontais.
- (2) Chun an cuspóir sin a bhaint amach, an obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin a dhéantar ar leibhéal an Aontais chun tacú le reachtaíocht an Aontais, is gá cuid den obair sin a chomhdhlúthú i ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus ba cheart oibleagáidí ar ghníomhaireachtaí an Aontais a thabhairt isteach maidir le comhar le haghaidh forbairt modheolaíochtaí

<sup>1</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip]. [COM \(2019\) 640 final](#).

<sup>2</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht – i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí]. [COM \(2020\) 667 final](#)

measúnúcháin agus malartú sonraí agus faisnéise. Leis sin, dhéanfaí an leagan amach atá ann faoi láthair a shimpliú, chuirfí feabhas ar cháilíocht agus ar chomhleanúnachas na measúnuithe sábháilteachta ar fud reachtaíocht an Aontais, agus d'áiritheofaí go mbainfí úsáid níos éifeachtúla as na hacmhainní atá ann cheana.

- (3) An t-athshannadh cúraimí áirithe eolaíoch agus teicniúla atá ann cheana don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, chomh maith le sannadh cúraimí nua, moladh iad sin mar chuid d'athbhreithnithe leanúnacha ar ghníomhartha an Aontais. Is é is aidhm don togra cothrománach seo foráil a dhéanamh maidir le sannadh breise cúraimí i leith na ngníomhartha sin den Aontas nach bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu agus tá gá leis lena áirithiú go mbíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán rannpháirteach i gcúraimí a bhaineann lena saineolas agus lena hacmhainneachtaí forbartha maidir le ceimiceáin. Tá sé sin i gcomhréir leis an aidhm 'substaint amháin, measúnú amháin' lena áirithiú go ndéanfaidh an ghníomhaireacht iomchuí den Aontas obair theicniúil agus eolaíoch, chun tairbhiú de thaithí léirithe agus d'uirlisí bunaithe ina réimse. Tá ag gabháil leis an togra le haghaidh Rialachán togra le haghaidh Treoir chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>, arb é is aidhm dó na cuspóirí céanna a bhaint amach.
- (4) Mar chuid den chomhdhlúthú comhordaithe agus den sannadh cúraimí faoin gcur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin', tugadh isteach in Airteagal 138(1), fomhíreanna (zd) agus (ze), forálacha maidir le sainordú a thabhairt don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun modheolaíochtaí measúnúcháin, formáidí caighdeánacha agus foclóirí rialaithe agus malartú sonraí agus faisnéise ar cheimiceáin a fhorbairt agus chun comhar a dhéanamh maidir lena bhforbairt, chomh maith le nósanna imeachta nua chun an comhleanúnachas a áirithiú idir tuairimí eolaíoch in Airteagal 139 den togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear reachtaíocht chógaisíochta an Aontais<sup>4</sup>.
- (5) Chun comhleanúnachas modheolaíochtaí le haghaidh measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin ar leibhéal an Aontais a áirithiú, ba cheart sainordú comhionann a bheith ag gníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais chun modheolaíochtaí den sórt sin a fhorbairt sna réimsí a thagann faoina misin faoi seach agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna maidir le comhar le chéile chun modheolaíochtaí den sórt sin a fhorbairt.
- (6) Chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin ar fud reachtaíocht an Aontais a áirithiú, tá sé tábhachtach freisin idir-inoibritheacht sonraí agus malartú éasca sonraí idir gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais a chumasú, chomh maith le comhar a spreagadh maidir le forbairt formáidí caighdeánacha agus foclóirí rialaithe. Dá réir sin, chun malartú

<sup>3</sup> Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.

<sup>4</sup> Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006, [COM\(2023\) 193 final](#). [IO: Cuir isteach an tagairt cheart nuair a ghlacfar an Rialachán].

sonraí idir gníomhaireachtaí a éascú, aon fhormaid sonraí nua a shainíonn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia nó an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, ba cheart an fhormaid sin a shocrú i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile an Aontais a bhíonn ag obair ar cheimiceáin. Chuige sin, ba cheart forálacha ábhartha a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart forálacha atá ann cheana a neartú agus, i gcás inarb ábhartha, forálacha nua a thabhairt isteach. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar fhorálacha comhchosúla a mholadh le haghaidh sainordú neartaithe den Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ina rialachán bunaidh.

- (7) Chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht measúnuithe a bhaineann le ceimiceáin ar fud reachtaíocht an Aontais a chur chun cinn, ba cheart do na gníomhaireachtaí ábhartha den Aontas beart a dhéanamh chun tuairimí eolaíochá éagsúla a sheachaint. Bhí ina thoradh ar chásanna tuairimí éagsúla atá ann cheana éiginnteacht níos mó i measc oibreoirí, chomh maith le laghdú ar mhúinín an phobail i stóinseacht eolaíoch agus i gcomhleanúnachas na cinnteoireachta eolaíche. Tograí chun aghaidh a thabhairt ar nósanna imeachta chun éagsúlacht tuairimí eolaíochá a bhaineann leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus comhlachtaí eolaíochta eile a réiteach, agus chun na nósanna imeachta sin a neartú, moltar na tograí sin mar chuid den athbhreithniú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar fhorálacha comhchosúla a mholadh le haghaidh sainordú neartaithe den Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ina rialachán bunaidh, ach ní ábhartha agus ní infheidhme forálacha den sórt sin maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, toisc nach n-eisíonn an ghníomhaireacht sin tuairimí eolaíochá maidir le ceimiceáin aonair le go mbeadh sí rannpháirteach i dtorthaí éagsúla.
- (8) Dá réir sin, is é is aidhm don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir tuairimí eolaíochá an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus tuairimí gníomhaireachtaí eile den Aontas. Tá forálacha i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cheana féin lena mbunaítear nós imeachta chun tuairimí eolaíochá éagsúla a réiteach. Ba cheart na nósanna imeachta réitigh sin a threisiú, sa chaoi is gur cheart a cheangal ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ar an ngníomhaireacht easaontach eile a ndícheall a dhéanamh chun an éagsúlacht maidir le saincheisteanna eolaíochta ginearálta a réiteach agus nár cheart dóibh í a chur faoi bhráid bainisteoirí riosca ach amháin i gcás nach féidir leo an éagsúlacht a réiteach eatarthu féin.
- (9) I gcás níos sonraí na héagsúlachta eolaíche a bhaineann le haithint guaise substaintí ceimiceacha, ba cheart nós imeachta nua a bhunú lena gcumasófar réiteach na héagsúlachta. Leis an nós imeachta sin, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, mar an ghníomhaireacht den Aontas ag a bhfuil an saineolas agus an acmhainneacht is mó ó thaobh aithint guaise de, chomh maith le taithí sheanbhunaithe leis an bpróiseas comhchuibhithe aicmithe agus lipéadaithe, togra a fhorbairt le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ag bogadh níos gaire don fhís 'substaint amháin, measúnú amháin' a mhéid a

bhaineann le measúnuithe guaise ar cheimiceáin ar fud an Aontais. Ba cheart an fhéidearthacht sin a léiriú san fhoráil ábhartha ina bhforáiltear don réiteach tuairimí eolaíocha éagsúla a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

- (10) Chun an oibleagáid a leagtar síos i Roinn 10.4.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>5</sup> a chomhlíonadh, thug an Coimisiún sainordú don Choiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn ('SCHEER') chun treoirlínte a ullmhú maidir leis an measúnú tairbhe-riosca de thaláití a bheith ann a n-aicmítear iad mar a bheith carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, nó a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach acu a bhfuil fianaise eolaíoch ina leith ann gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup>. D'eisigh SCHEER na treoirlínte sin in 2019 agus thug an Coimisiún sainordú do SCHEER chun an chéad nuashonrú a dhéanamh ar na treoirlínte sin.
- (11) Chun an oibleagáid a leagtar síos i Roinn 10.4.4. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt don choiste eolaíoch ábhartha chun treoirlínte a ullmhú maidir le substaintí nach taláití iad agus a n-aicmítear iad mar a bheith carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, nó a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach acu a bhfuil fianaise eolaíoch ina leith ann gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (12) Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán comhairle eolaíoch cheana féin maidir le substaintí ceimiceacha, lena n-áirítear maidir le taláití, suaiteoirí inchríneach agus carcanaiginí, só-ghineacha agus tocsainí atáirgthe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Is féidir roinnt príomhacmhainneachtaí den ghníomhaireacht a athúsáid, lena n-áirítear acmhainneachtaí measúnaithe guaise, riosca, nochta agus shocheacnamaíoch, forbairt thuairim an Choiste agus acmhainneachtaí TF le haghaidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus scaipeadh. Chun nuashonruithe tráthúla amach anseo ar thaláití a bheith ann a chumasú agus lena áirithiú go ndéanann an ghníomhaireacht iomchuí den Aontas treoirlínte nua a fhorbairt maidir le substaintí eile ar bhonn na fianaise eolaíche is úire, ba cheart na cúraimí sin a shannadh don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle ([IO L 117, 5.5.2017, lch. 1](#)).

<sup>6</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([IO L 396, 30.12.2006, lgh. 1–849](#)).

- (13) Agus na haicmithe guaise nua agus na critéir nua maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022<sup>7</sup> á gcur san áireamh, ba cheart tagairt do shuaiteoirí inchríneach maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, a shonrú in 10.4.1., pointe (b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 i bhfianaise a ábhartha atá an aicme guaise sin don chineál substaintí i bhfeistí leighis.
- (14) Chun an úsáid is fearr a bhaint as eolas na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán agus as an saineolas a fuarthas trína rannpháirtíocht sna próisis ainmniúcháin agus measúnúcháin faoi Choinbhinsiún Stóicólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, ba cheart don Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, arna iarraidh sin di, cabhrú leis an gCoimisiún a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hIarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú<sup>8</sup>. I gcás ina bhfuil gá le tuairim an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch, agus chun foráil a dhéanamh maidir leis an acmhainneacht agus na hacmhainní atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an choiste sin, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit an saineolas sonrath is gá le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an chúraim a chumhdach trí shaineolaithe a ainmniú. Chun a áirithiú go dtairbhíonn an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch d'acmhainní leordhóthanacha, nuair a cheapann an coiste duine dá chomhaltaí mar rapóirtéir, ba cheart luach saothair a íoc leis an duine sin, nó lena fhostóir.
- (15) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Iarscríbhinní IV agus V a leasú chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Stóicólm nó leis an bPrótacal nó chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.
- (16) Mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ní mór do na Ballstáit faisnéis a thuairisciú don Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le substaintí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn III a bheith ann sa chomhshaol. Moltar an tArdán Faisnéise maidir le Faireachán ar Cheimiceáin ('IPCHEM') a úsáid mar bhealach do na Ballstáit chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis na sonraí sin faoi theagmhais cheimiceacha a thuairisciú agus chun a n-oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus a laghdú. I gcás ina gcuireann na Ballstáit sonraí ar fáil trí IPCHEM, ní gá dóibh na sonraí sin a thuairisciú don Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a thuilleadh mar is féidir leis an ngníomhaireacht iad a aisghabháil ón ardán.

---

<sup>7</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/707 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmí guaise agus critéir maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán ([IO L 93, 31.3.2023, lgh. 7-39](#)).

<sup>8</sup> Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailléin orgánacha mharthanacha ([IO L 169, 25.6.2019, lch. 45](#)).

- (17) Ceanglaítear leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup> ar na Ballstáit na sonraí uile maidir le teagmhais cheimiceacha nó faireachán in uisce a roinnt leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Ina theannta sin, na sonraí faireacháin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha san aer, tuairiscíonn na Ballstáit na sonraí sin do EEA cheana féin mar chuid de reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht an aeir. An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsiithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán<sup>10</sup>, ceanglófar leis an togra sin go mbeidh na sonraí uile maidir le teagmhais cheimiceacha á gcoinneáil ag EEA. Mar thoradh air sin, sonraí maidir le teagmhais cheimiceacha a sholáthraíonn an Coimisiún do IPCHEM agus a choinníonn an Coimisiún in IPCHEM, EEA seachas an Coimisiún a bhaileoidh agus a choinneoidh na sonraí sin. Dá bhrí sin, is gá na hoibleagáidí tuairiscithe le haghaidh na mBallstát a shimpliú lena áirithiú, i gcás inar chuir na Ballstáit an fhaisnéis sin faoi bhráid EEA cheana féin mar chuid de chomhlíonadh oibleagáidí a cheanglaítear le forálacha píosaí eile de reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaoil, gur cheart a mheas gur chomhlíon na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2019/1021.
- (18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a leasú dá réir sin,

## TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### **Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 178/2002**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 23, cuirtear pointe (m) seo a leanas leis:

‘(m) dul i gcomhar leis na comhlachtaí inniúla sna Ballstáit a dhéanann cúraimí atá cosúil le cúraimí an Aontais agus dul i gcomhar le comhlachtaí eolaíochacha eile a bhunaítear faoi dhlí an Aontais, go háirithe an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach, agus an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le soláthar tuairimí eolaíochacha ábhartha, maidir le malartú sonraí agus faisnéise, lena n-áirítear bunú féideartha formáidí sonraí gaolmhara agus foclóirí rialaithe chun malartú den sórt sin a rialú, agus maidir le forbairt modheolaíochtaí eolaíochacha chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin.’;

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

### *‘Airteagal 30*

<sup>9</sup> Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú) ([IO L 435, 23.12.2020, lgh. 1–62](#)).

<sup>10</sup> [IO: Cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an togra]

## Tuairimí eolaíocha a thagann salach ar a chéile

1. Déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá agus is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar aon fhoinse éagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann idir a thuairimí eolaíocha agus na tuairimí eolaíocha arna n-eisiúint ag comhlachtaí eile a dhéanann cúraimí comhchosúla agus chun aon fhoinse den sórt sin a shainaithint ag céim luath.
2. I gcás ina sainaitheoidh an tÚdarás foinse éagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sé teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheistanna eolaíocha nó teicniúla a d'fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint.

Rachaidh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar chun an éagsúlacht a réiteach. I gcás nach bhféadfadh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann an éagsúlacht a réiteach, tarraingeoidh siad suas tuarascáil chomhpháirteach. Beidh achoimre shoiléir sa tuarascáil ar na saincheistanna eolaíocha conspóideacha agus sainaitheofar na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí.

I gcás inar gníomhaireacht nó coiste eolaíoch den Aontas é an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin.

3. I gcás inarb ábhartha, agus i gcás ina mbaineann an éagsúlacht le tuairimí eolaíocha easaontacha ón Údarás agus ó chomhlacht nó ó ghníomhaireacht eile den Aontas maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann substaint na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán togra a ullmhú le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí agus, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha tíúchana sonracha, M-fhachtóirí nó meastacháin ghéarthocsaineachta, nó togra le haghaidh athbhreithniú orthu sin a ullmhú de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. An tÚdarás agus an comhlacht nó an ghníomhaireacht den Aontas lena mbaineann, rachaidh sé i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun an togra sin a fhorbairt.’

### *Airteagal 2*

#### **Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 401/2009**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear pointe (p) seo a leanas isteach:

‘(p) modheolaíochtaí measúnúcháin a bhaineann le ceimiceáin a fhorbairt sna réimsí a thagann faoi réim a misin.’;

---

<sup>11</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. [IO L 353 31.12.2008, lgh. 1 – 1355](http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ.do?uri=CELEX:32008L1272-01-1-1355).

(2) in Airteagal 15, cuirtear mír 5 seo a leanas isteach:

‘5. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhar le comhlachtaí eolaíocha eile a bhunaítear faoi dhlí an Aontais, go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, maidir le malartú sonraí agus faisnéise faoi cheimiceáin, lena n-áirítear bunú féideartha formáidí sonraí gaolmhara agus foclóirí rialaithe chun malartú den sórt sin a rialú, agus maidir le forbairt modheolaíochtaí eolaíocha chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin.’.

### *Airteagal 3*

#### **Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/745**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745 mar a leanas:

(1) i Roinn 10.4.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

‘(b) substaintí a shainaitnítear mar shuaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, i gcomhréir le Cuid 3 d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12</sup> agus substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach a bhfuil fianaise eolaíoch ina leith ann gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaitnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach atá ábhartha do shláinte an duine a shainaitnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.’

(2) i Roinn 10.4.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) más iomchuí agus má tá siad ar fáil, na treoirlínte ábhartha is déanaí i gcomhréir le Roinn 10.4.3. agus Roinn 10.4.4.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10.4.3:

#### **‘10.4.3. Treoirlínte maidir le taláití**

I gcás ina measfar é a bheith iomchuí bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, ach gach 5 bliana ar a laghad, iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) treoirlínte a thabhairt cothrom le dáta maidir le measúnú tairbhe-riosca ar thaláití a bheith ann a bhaineann le ceachtar de na grúpaí substaintí dá dtagraítear i Roinn 10.4.1., pointí (a) agus (b). Breithneofar sa mheasúnú tairbhe-riosca an chríoch a beartaíodh don fheiste agus an comhthéacs inar beartaíodh í a úsáid, chomh maith le haon substaint mhalartach agus ábhar malartach, agus aon dearadh nó aon chóireáil leighis atá ar fáil

I gcás inarb iomchuí nó i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún é, rachaidh ECHA i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca agus leis an gCoiste um Anailís Shocheacnamaíoch.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10.4.4:

#### **‘10.4.4. Treoirlínte maidir le substaintí eile CMR agus maidir le substaintí eile ar suaiteoirí inchríneacha iad**

<sup>12</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([IO L 353, 31.12.2008, lch. 1](#)).

Iarrfaidh an Coimisiún ar ECHA treoirlínte dá dtagraítear i Roinn 10.4.3. a ullmhú agus de réir an phróisis a thuairiscítear ann le haghaidh substaintí eile freisin dá dtagraítear i Roinn 10.4.1., pointí (a) agus (b), i gcás inarb iomchuí.’

#### *Airteagal 4*

### **Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1021**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 8(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (i) seo a leanas leis:

‘(i) arna iarraidh sin don Choimisiún, agus laistigh de 12 mhí ón iarraidh sin, tuarascáil a tharraingt suas agus a sholáthar ar na tionchair ar shláinte an duine, agus ar thionchair chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bhaineann le teorainnluachanna tiúchana a shonraítear in Iarscríbhinn IV nó V a thabhairt isteach nó a mhodhnú.’

(2) Cuirtear isteach Airteagal 8(1a):

‘1a. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (i):

- (a) de réir mar is iomchuí, faisnéis ar na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaoil a bhíonn ag dramhaíl arb é Truailleáin Orgánacha Mharthanacha atá inti, a bhfuil Truailleáin Orgánacha Mharthanacha inti nó atá éillithe le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, lena n-áirítear tionchair ar an mbainistíocht dramhaíola;
- (b) faisnéis maidir le tiúchain agus sreafaí maise na dTruailleán Orgánach Mharthanach i sruthanna dramhaíola agus faisnéis maidir le hacmhainneachtaí cóireála dramhaíola;
- (c) anailís ar thionchair na dteorainnluachanna tiúchana éagsúla a bhreithnítear;
- (d) togra cuí-réasúnaithe le haghaidh teorainnluachanna tiúchana atá le tabhairt isteach in Iarscríbhinn IV agus, de réir mar is iomchuí, in Iarscríbhinn V.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a gheobhaidh sí an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (i), fógra a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil ar leasú féideartha ar Iarscríbhinn IV nó V agus iarrfaidh sí ar gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear oibreoir dramhaíola agus úsáideoirí ábhar athchúrsáilte, barúlacha a chur isteach laistigh de 8 seachtaine. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha sin ar a suíomh gréasáin.

9 mí ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil sin a chur isteach, Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, arna bhunú de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, glacfaidh sé tuairim maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a bheartaítear ann. Chun tuairim ar an tuarascáil a ghlacadh, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 87 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil agus tuairim an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a chur faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill.’;

(3) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina roinnfidh Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, léireoidh an Ballstát é sin sa tuarascáil agus measfar go bhfuil a oibleagáidí tuairiscithe faoin bpointe sin comhlíonta ag an mBallstát.

I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), le fáil i dtuarascáil ó Bhallstát a soláthraíodh don Gníomhaireacht, déanfaidh an Gníomhaireacht an fhaisnéis a tharchur chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil chun an fhaisnéis sin a thiomsú, a stóráil agus a roinnt’;

(4) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal nó chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.’

(5) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 2:

‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 10(2) agus 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 15 Iúil 2019.’.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

‘3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeana na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(3), 10(2) agus 15 a chúlghairm aon tráth.’.

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(3), 10(2) agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid.’.

#### *Airteagal 6*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Cumhdaítear tionchar na dtograí seo a leanas leis an ráiteas airgeadais reachtach seo:

***Pacáiste ‘substaint amháin, measúnú amháin’:***

- Togra le haghaidh **Rialachán** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar a fheabhsú i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán

- Togra le haghaidh **Treoir** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

- Togra le haghaidh **Rialachán** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsihte, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán

***Tograí a ghlac an Coimisiún cheana féin agus cúraimí nua a shannadh don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán nó don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, nach léirítear na hacmhainní comhfhreagracha ina leith le haghaidh na ngníomhaireachtaí sna ráitis airgeadais reachtacha a ghabhann leo:***

- Togra le haghaidh **Rialachán** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a chuirtear in ionad Threoir 1994/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Treoir sin (COM (2022) 677 final)

- Togra le haghaidh **Treoir** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (COM (2023) 420 final)

- Togra le haghaidh **Rialachán** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE (COM(2023) 451 final).

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

09 – An Comhshaol & an tAthrú Aeráide

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart<sup>56</sup>

<sup>56</sup>

Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE)

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

#### 1.4. Cuspóirí

##### 1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm fhoriomlán don chur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’ agus do na trí thogra is bun leis feabhas a chur ar chomhleanúnachas, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus trédhearcacht measúnuithe sábháilteachta ar fud reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin agus dá réir sin rannchuidiú le margadh aonair dea-fheidhmiúil le haghaidh ceimiceán agus ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine agus an chomhshaoil ar cheimiceáin.

Maidir le cuspóirí ginearálta na dtograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treoir lena leasaítear an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le Ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final), féach na ráitis airgeadais reachtacha atá ag gabháil leis na tograí.

##### 1.4.2. Cuspóirí sonracha

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar a fheabhsú i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán:**

1. a áirithiú gur soiléir atá an sannadh freagrachtaí chun na measúnuithe agus an bhunobair theicniúil agus eolaíoch ar cheimiceáin a dhéanamh, go mbaintear leas as sineirgí agus go ndéantar iad a uasmhéadú ann, agus go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir ann as an saineolas agus na hacmhainní atá ar fáil;
2. a áirithiú go bhfuil an t-aschur cúraimí eolaíoch agus teicniúla ar cháilíocht eolaíochta ard agus go bhfuil na nósanna imeachta trédhearcach agus cuimsitheach;
3. comhar maith a bhaint amach i measc na ngníomhaithe ar fad maidir le gach gné a bhaineann leis an measúnú ar cheimiceáin (amhail forbairt modheolaíochta agus malartú sonraí);

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**

1. a áirithiú gur soiléir atá an sannadh freagrachtaí chun na measúnuithe agus an bhunobair theicniúil agus eolaíoch ar cheimiceáin a dhéanamh, go mbaintear leas as sineirgí agus go ndéantar iad a uasmhéadú ann, agus go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir ann as an saineolas agus na hacmhainní atá ar fáil;
2. a áirithiú go bhfuil an t-aschur cúraimí eolaíoch agus teicniúla ar cháilíocht eolaíochta ard agus go bhfuil na nósanna imeachta trédhearcach agus cuimsitheach;

---

Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (Rialachán Airgeadais). [IO L 193 30.7.2018, lgh. 1 – 222.](#)

3. a áirithiú go ndéantar nósanna imeachta a ailíniú a thuilleadh le modheolaíochtaí faoi reachtaíocht eile maidir le ceimiceáin, as a dtiocfaidh comhsheasmhacht níos mó idir forálacha beartais atá ann cheana

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán:**

1. ardán sonraí comhchoiteann a fhorbairt ina gcomhthiomsaítear sonraí ceimiceán ó fhoinsí iomadúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil;
2. a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis atá ar an ardán sonraí comhchoiteann slán, d'ardcháilíocht, inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte;
3. coimisiúnú tástála agus faireacháin substaintí a chumasú mar chuid den chreat rialála nuair a mheastar tuilleadh faisnéise a bheith riachtanach;
4. taifid a choimeád ar staidéir arna gcoimisiúnú nó arna ndéanamh ag gnólachtaí i gcomhthéacs rialála ceimiceán agus córas luathrabhaidh a bhunú do rioscá ceimiceacha atá ag teacht chun cinn;
5. creat faireacháin agus ionchais a bhunú le haghaidh ceimiceán.

Maidir le cuspóirí sonracha na dtograí le haghaidh **rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht** (COM (2022) 677 final), le haghaidh **treoir lena leasaítear an treoir réime dramhaíola** (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh **rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite** (COM (2023) 451 final), féach na ráitis airgeadais reachtacha atá ag gabháil leis na tograí.

#### 1.4.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Na torthaí agus na tionchair a bhfuil coinne leo le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú, an togra maidir le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán, is iad na torthaí agus na tionchair sin lena bhfuil coinne éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht feabhsaithe ar mheasúnú ceimiceán ar feadh na reachtaíochta. Go praiticiúil áirítear an méid seo a leanas ansin:

**Comhsheasmhacht eolaíoch agus comhleanúnachas níos fearr maidir le measúnuithe** – Má bhíonn níos lú gníomhairí páirteach san obair eolaíoch agus theicniúil agus má láraítear an obair sna gníomhaireachtaí agus má éilítear orthu comhoibriú agus tuairimí éagsúla a réiteach beidh comhleanúnachas agus

comhsheasmhacht eolaíocht feabhsaithe i measc na measúnuithe a dhéantar faoi phíosáí difriúla reachtaíochta. Ceadaíonn an comhdhlúthú oibre chun socrú tosaíochtaí, amlínte, próisis agus modheolaíochtaí a úsáidtear do na measúnuithe a ailíniú níos fearr. Éascaíonn sé athúsáid léargas measúnaithe arna bhforbairt faoi phíosa amháin reachtaíochta sa mheasúnú faoi phíosa eile reachtaíochta. I gcás ina láraítear sonraí maidir le ceimiceáin i ngníomhaireachtaí an Aontais agus bheith in ann iad a úsáid, cruthaítear bonn eolais comhchoiteann ar a mbunaítear na measúnuithe agus dá réir sin cuireann sé chun cinn a thuilleadh comhleanúnachas measúnuithe.

**Feabhas a chur ar stóinseacht an mheasúnaithe, na muiníne agus an ghlactha i leith cinntí rialála** – Má bhíonn gníomhaireachtaí an Aontais agus a gcoistí rannpháirteach in obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin bíonn tuilleadh saineolais eolaíoch ann, áiríthítear ardcháilíocht na comhairle eolaíoch agus bíonn stóinseacht measúnuithe feabhsaithe agus dá réir sin a nglacadh. Má láraítear sonraí maidir le ceimiceáin i ngníomhaireachtaí an Aontais agus má táthar in ann iad a athúsáid, méadófar an bonn eolais, feabhsófar stóinseacht na comhairle eolaíoch a sholáthraítear agus méadófar an glacadh le conclúidí agus cinntí rialála. Má bhíonn a fhios ag saoránaigh trí fhógairt na staidéar go ndearnadh na staidéir uile a bhreithniú sa mheasúnú, neartaítear a thuilleadh muinín na saoránach i gcinntí rialála.

**Neamhspleáchas neartaithe na comhairle eolaíoch** - Má bhogtar obair eolaíoch agus theicniúil ar cheimiceáin ó ranna an Choimisiúin, coistí *ad hoc* nó comhairleoirí chuig gníomhaireachtaí an Aontais agus a gcoistí, atreisítear an deighilt idir eolaíocht agus beartas nó idir measúnú agus bainistíocht riosca. Oibríonn gníomhaireachtaí agus a gcoistí faoi rialacha diana um choinbhleacht leasa a sheachaint, rud a fheabhsaíonn ráthaíochtaí na comhairle eolaíoch neamhspleáiche chuig an gCoimisiún.

**Trédhearcacht feabhsaithe** - Má bhíonn gníomhaireachtaí an Aontais rannpháirteach in obair eolaíoch agus theicniúil, áirítheofar trédhearcacht na bpróiseas; má fheabhsaítear rúin rialála údaráis an Aontais agus rúin chun iarratas a chur isteach trí PACT intuarthacht do na páirtithe leasmhara uile; má chuirtear na sonraí agus an fhaisnéis uile ar fáil ag pointe amháin méadaítear trédhearcacht.

**Comhlíontacht fheabhsaithe** – Trí fhaisnéis maidir le forálacha dlíthiúla i leith ceimiceán agus a luachanna tagartha rialála ó na creataí dlíthiúla uile a thiomsú ag áit amháin agus í a dhéanamh inrochtana go héasca, éascaítear tuiscint chuimsitheach a fháil ar chreataí dlíthiúla a gcloíonn substaintí sonracha leo agus feabhsaítear cur chun feidhme an dlí agus na comhlíontachta.

**Éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh soláthar measúnuithe de** – má láraítear obair mheasúnaithe i ngníomhaireachtaí an Aontais, féadfar cumais a athúsáid, eolas agus taithí a athúsáid, an t-ualach oibre a chothromú agus uirlisí TF agus seirbhísí tacaíochta a athúsáid. Má chuirtear sonraí inrochtana ar fáil ag áit amháin agus má bhíonn siad in-athúsáidte laghdófar an t-ualach riaracháin do na húdaráis i gcás ina bhfuil siad ag ullmhú measúnuithe ar cheimiceáin.

**So-aimsitheacht, idir-inoibritheacht, inrochtaineacht agus athúsáid feabhsaithe sonraí** – bainfear amach é sin trí na sonraí a chur ar fáil in áit amháin, trí bhacainní teicniúla a bhaint chun sonraí a chomhroinnt agus trí fhormáidí caighdeánacha agus foclóirí rialaithe a ghlacadh agus a n-úsáid a chur chun cinn.

**Má bhíonn na sonraí is gá ann chun measúnuithe a dhéanamh** trí shásra um ghiniúint sonraí a bhunú lena cheadú dóibh staidéir a choimisiúnú i gcás nach bhfuil aon fhoráil dhlíthiúil eile ann chun iad a bhaint amach.

**Am freagartha a ghiorrú idir luathchomharthaí rioscaí agus bearta rialála chun na rioscaí a mhaolú** agus dá réir sin cosaint fheabhsaithe ar shláinte an duine agus an chomhshaoil trí chóras luathrabhaidh agus gníomhaíochta a bhunú.

I ndáil leis na torthaí agus tionchair a bhfuil coinne leo de thoradh na dtograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treorach lena leasaítear an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le ceanglais Chiorclaíochta do dheardh feithicle agus bainistíocht feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final), déan tagairt do na ráitis airgeadais reachtacha atá ceangailte leis na tograí.

#### 1.4.4. Táscairí feidhmíochta

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Déanfar faireachán ar éifeachtúlacht i bhfeidhmiú na gcúraimí sannta chuig gníomhaireachtaí an Aontais mar chuid de mheastóireacht tráthrialta ar fheidhmíocht na nGníomhaireachtaí. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht agus tuairisciú ar chur chun feidhme mar chuid d'oibleagáidí athbhreithnithe agus tuairiscithe gach píosa reachtaíochta lena soláthraíonn gníomhaireachtaí an Aontais tacaíocht.

Tá plean cur chun feidhme agus faireacháin chun ardán sonraí comhchoiteann a bhunú doiciméadaithe sa Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail (dá ndéantar tagairt freisin chun tacú leis an measúnú ar na tionchair sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis<sup>57</sup>). Tugtar breac-chuntas ann ar chéimeanna forbartha, ar bhunú rialachais agus ar phobalú an ardáin ag na soláthraithe sonraí difriúla le tacair sonraí arna sainaithe le haghaidh táirge inmharthana íosta. Déanfar faireachán grinn ar an dul chun cinn trí aschuir eatramhacha go dtí an leagan ‘beo’ den ardán laistigh de 36 mhí ó theacht i bhfeidhm an rialacháin. Le rialachas ardáin samhlaítear tuairisciú tráthrialta ar a oibríochtaí lena n-áirítear éifeachtacht na hoibre maidir le hidir-inoibritheacht *i.e.* comhtháthú tacar sonraí ceimiceach aonair. Cumasóidh an t-ardán sonraí comhchoiteann faireachán ar ghníomhaíochtaí comhlachaithe amhail an córas luathrabhaidh agus cur i bhfeidhm sásra um ghiniúint sonraí. Baineann an méid céanna le táscairí ceimiceacha a bhfuil coinne leis go rannchuideoidh siad leis an gcreat faireacháin ar an 8ú Plean Gníomhaíochta Comhshaoil<sup>58</sup>. Tá coinne leis go ndéanfar faireachán leanúnach ar idir-inoibritheacht agus athúsáid sonraí agus úsáid an ardáin sonraí comhchoiteann agus a tháirgí trí mheasúnú an bhuanghrúpa saineolaithe maidir le substaint amháin, measúnú amháin.

Maidir le táscairí na dtograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treoir lena leasaítear

<sup>57</sup> Doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún a ghabhann le doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán (COM (2023) 855).

<sup>58</sup> Creat faireacháin ar an 8ú Plean Gníomhaíochta Comhshaoil. [COM \(2022\) 357 final](#).

an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final), féach na ráitis airgeadais reachtacha atá ag gabháil leis na tograí.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

### **Pacáiste ‘substaint amháin, measúnú amháin’:**

R4 2023 – R2 2025: caibidlíocht idir-institiúideach i leith na dtograí

R3 2025: teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú:**

R3 2025 ar aghaidh: Déanfaidh ECHA obair theicniúil agus eolaíoch don rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha agus feistí leighis ó thiocfaidh an gníomh dlí i bhfeidhm.

R3 2025 ar aghaidh: Comhoibreoigh EEA agus EFSA i limistéir ábhartha arna sainiú ag an rialachán ó tháinig an gníomh dlí i bhfeidhm.

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**

R3 2026 ar aghaidh: Déanfaidh ECHA obair theicniúil agus eolaíoch don Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ó 1 bhliain amháin tar éis teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán:**

R3 2025 – R2 2026: Tar éis an gníomh dlí a ghlacadh, glacfaidh an Coimisiún le cinntí coimisiúin chun coiste stiúrtha an ardáin a bhunú, an plean forfheidhmithe a ghlacadh agus an scéim rialachais a ghlacadh don ardán sonraí comhchoiteann agus a sheirbhísí.

R3 2025 – R2 2028: Bunófar an t-ardán sonraí comhchoiteann ina mbeidh ar a laghad na híos-sonraí inmharthana laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

R3 2025 – R2 2028: Bunófar sé bhloc tógála ar ionann iad agus seirbhísí tiomnaithe mar chuid den ardán sonraí comhchoiteann laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí. Ardán faisnéise don fhaireachán ceimiceáin is ea na seirbhísí tiomnaithe seo, stór luachanna tagartha, bunachar sonraí d’fhógraí staidéir, bunachar sonraí ina bhfuil faisnéis maidir le próisis rialála, bunachar sonraí le faisnéis maidir

leis na hoibleagáidí faoi ghníomhartha an Aontais maidir le ceimiceáin agus stór formáidí caighdeánacha agus foclóirí rialaithe.

R3 2025 – R2 2031 Bunófar bunachar sonraí maidir le faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil mar an seachtú bloc tógála i seirbhísí tiomnaithe an ardáin sonraí chomhchoitinn.

R3 2025 – R2 2028: Bunófar na sreabha sonraí ábhartha trí na gníomhaireachtaí laistigh de 3 bliana ar a dhéanaí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

R3 2025 – R2 2028: Aistroidh an Coimisiún aon bhithmhonatóireacht daonna atá ina sheilbh chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus aistroidh sé na sonraí ceimiceáin atá san Ardán Faisnéise maidir le Faireachán ar Cheimiceáin chuig na gníomhaireachtaí ábhartha.

R3 2025 – R2 2035: Cuirfear na sonraí ábhartha uile ar fáil tríd an ardán sonraí comhchoiteannlaistigh de 10 mbliana ar a dhéanaí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

R3 2025 – R4 2035: Cuirfear sonraí ábhartha ar fáil don ardán sonraí comhchoiteann i bhformáid IUCLID faoi 2035 ar a dhéanaí.

R3 2025 agus ar aghaidh: Soláthróidh na Ballstáit faisnéis maidir le próisis rialála um cheimiceáin do ECHA.

R3 2025 agus ar aghaidh: Sonróidh gníomhaireachtaí, i gcás inarb ábhartha, formáidí caighdeánacha agus foclóirí rialaithe

R4 2025 agus ar aghaidh: Bunófar creat táscairí in 2025 agus tabharfar cothrom le dáta é go tráthrialta.

R3 2025 – R2 2026: Bunófar córas luathrabhaidh agus gníomhaíochta laistigh de 1 bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

R3 2025 agus ar aghaidh: Bunófar in 2025 faireachlann le haghaidh ceimiceáin shonracha a d'fhéadfadh cur le rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn

R3 2025 ar aghaidh: Bunófar sásra um ghiniúint sonraí sa chéad bhliain ó thagann sé i bhfeidhm agus leathnófar de réir a chéile é chuig oibríocht iomlán tar éis 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm.

R3 2026 ar aghaidh: Beidh feidhm ag an oibleagáid chun fógra a thabhairt faoi staidéir nár tugadh fógra fúthu cheana féin faoi Airteagal 32b de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.

**Tograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treoir lena leasaítear an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final):**

- féach ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an*

*Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú,**

agus

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**

Déanfar leis na tograí dlíthiúla maidir le hathshannadh cúraimí ionstraimí dlí an Aontais atá ann cheana a athbhreithniú agus a leasú ar bhealach spriocdhírthe. Dírítear na hathbhreithnithe ar (ath)shannadh cúraimí chun obair eolaíoch agus theicniúil a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rud is gá chun na hionstraimí sin a oibriú agus comhar i measc gníomhaireachtaí an Aontais i bhfeidhmiú na hoibre eolaíche agus teicniúla. Ní féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leormhaith astu féin, de bharr a scála agus a éifeachtaí, agus dá bhrí sin ní féidir é a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais.

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán**

Ní féidir aghaidh a thabhairt ar fhadhb na sonraí ceimiceán a bheith scaipthe i measc gníomhaireachtaí difriúla den Aontas, ranna an Choimisiúin agus ar leibhéal na mBallstát ach amháin má dhéantar feabhsúcháin ar infhaighteacht faisnéise ar leibhéal an Aontais. Is é an príomhchuspóir maidir le hinfaighteacht faisnéise agus comhroinnt faisnéise na sonraí uile ar cheimiceáin a thabhairt le chéile in áit amháin atá lárnach, inrochtana, lena n-éilítear gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais de réir sainmhínte. Tá réasúnaíocht chomhchosúil i bhfeidhm maidir leis na cuspóirí sainaitheanta eile den togra dlí seo a bhaineann le boinn eolais neamhiomlána le hoibleagáid chomhfhreagrach chun fógra a thabhairt maidir le seoladh staidéar atá beartaithe lena gcuimsiú i sainchomhaid rialála an Aontais (comhfhóráil le hoibleagáid bhainteach faoi dhlí ginearálta an bhia), sásra um ghiniúint sonraí don Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, ach freisin rochtain a éascú ar shonraí arna nginiúint ag taighde an Aontais agus seirbhísí tiomnaithe a rith a chuireann i dtoll a chéile faisnéis shonrach amhail luachanna tagartha, faisnéis a bhailiú maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus comharthaí luathrabhaidh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus táscairí a bhaineann le ceimiceáin a ríomh.

**Tograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treoir lena leasaítear an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final):**

- féach na ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú,**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, agus**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán:**

Tá creat rialála an Aontais maidir le measúnú guaise agus riosca agus bainistíocht ceimiceán cuimsitheach agus tá sé comhdhéanta de roinnt mhaith píosaí reachtacha, lena dtugtar aghaidh ar tháirgeadh agus ar chur ar an margadh ceimiceán agus táirgí ceimiceacha, astaíochtaí ceimiceán agus sábháilteacht oibrithe, earraí tomhaltais, bia agus beatha ainmhithe agus an comhshaol.

In 2019 a rinneadh an tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (ina ndearnadh measúnú ar bhreis is 40 píosa reachtaíochta<sup>59</sup>. Thángthas ar an gconclúid, ar an iomlán, go soláthraítear torthaí le reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin atá mar a beartaíodh agus go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm, ach go bhfuil roinnt laigí suntasacha ann a d'fhág nach raibh reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin in ann a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach. Sainaitníodh ann easnaimh ar fud na bpíosaí reachtaíochta a mhéid a bhaineann le comhleanúnachas na measúnuithe sábháilteachta, éifeachtúlacht na bunobire teicniúla agus eolaíche, agus comhsheasmhacht na rialacha trédhearcachta. Bíonn ina dtoradh ar na heasnaimh sin neamhréir agus neamhleanúnachas i measc measúnuithe sábháilteachta, nósanna imeachta malla, úsáid neamhéifeachtúil acmhainní, ualach nach gá, easpa (bhraite) trédhearcachta agus tionchair ar cháilíocht na comhairle eolaíche.

Léiríodh sa tseiceáil oiriúnachta freisin gurb ann do dheiseanna móra chun an obair theicniúil agus eolaíoch a chúicíoriú trí ghníomhaireachtaí an Aontais a d'fhágfadh gur éifeachtúla feidhmiú na reachtaíochta maidir le ceimiceáin (e.g. dúbailt iarrachtaí a sheachaint agus an úsáid is fearr a bhaint as an saineolas atá ar fáil i ngníomhaireachtaí an Aontais) agus go mbeidh sé níos comhleanúnaí (e.g. an riosca a laghdú torthaí éagsúla a bheith ar mheasúnuithe guaise/riosca ar leibhéal an Aontais). Ina theannta sin, shimpleofaí an leagan amach atá ann faoi láthair leis, laghdófaí an gá atá le faisnéis a sholáthar don iomad idirghabhálaithe, chuirfí feabhas ar cháilíocht na measúnuithe, agus d'áiritheofaí intuarthacht le haghaidh na bpáirtithe leasmhara agus le haghaidh an phobail i gcoitinne. Ina theannta sin, d'fheabhsódh sé

<sup>59</sup>

Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Torthaí na Seiceála Oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (seachas REACH) agus dúshlán, bearnaí agus laigí sainaitheanta. [COM/2019/264 final](#).

cáilíocht agus stóinseacht eolaíoch roinne measúnuithe agus d'áiritheodh sé scaradh níos fearr idir measúnú riosca agus bainistíocht riosca.

Suíodh sa tseiceáil oiriúnachta freisin go bhfuil easnaimh in infhionntacht, inrochtaineacht agus infhaighteacht sonraí iontaofa ardcháilíochta agus i gcomhroinnt agus athúsáid sonraí feadh na stór reachtach. Rinne páirtithe leasmhara gearán faoi sin cheana (e.g. maidir le neamhéifeachtúlachtaí mar gheall ar thuairisciú dúbailte, deacrachtaí chun sonraí a shainnithint agus a rochtain, neamhréireachtaí idir torthaí measúnuithe sábháilteachta de thoradh iad uile a bheith bunaithe ar thacair sonraí dhifriúla, agus ní ar na sonraí uile atá ar fáil i measúnuithe sábháilteachta a mheas). Tá easpa feasachta ann ar na páirtithe leasmhara (comhlachtaí an Aontais, údaráis, tionscal, eagraíochtaí neamhrialtasacha) maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil agus cá háit agus conas is féidir na sonraí atá ann cheana a úsáid agus a rochtain, agus bíonn athúsáid ceart róshriantach uaireanta. Tarlaíonn dúbláil neamhriachtanach iarrachta i nginiúint sonraí go fóill i roinnt cásanna de bharr easpa comhroinnte sonraí de thoradh tosca éagsúla gaolmhara lena n-áirítear rúndacht agus cearta maoinne intleachtúla. Sainnithníodh cur chuige níos cuimsithí ar fud reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear trí bheartas sonraí oscailte agus úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí cliste mar bhealach chun éifeachtúlacht fhoriomlán chreat reachtach an Aontais um cheimiceáin agus chun rannchuidiú le gealltanais an Choimisiúin i dtreo níos mó trédhearcachta.

D'ainneoin creat rialála cuimsitheach agus forbartha um cheimiceáin an Aontais tá inní ann go bhfuil easpa sásraí ábhartha ann chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach do rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn go tráthúil. Tá roinnt mhaith samplaí de thréimhsí fada idir comhartha riosca agus glacadh bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin<sup>60</sup>, lena n-áirítear an deacracht chun rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn a fháil amhail PFAS agus suaiteoirí inchríneach, a fháil ar aird lucht ceaptha beartas agus measúiní riosca rialtasacha. Tá gné ann freisin de rannchuidiú féideartha le riosca atá ag teacht chun cinn de bharr easnamh na gcóras atá ann cheana, a thiomhdí agus modhanna a chuirtear chun feidhme chun déileáil le neamhchinnteachtaí breise de bharr nuálaíochta, mar a bhí amhlaidh le nana-ábhair. Chun an damáiste, arb iad na ceimiceáin is cúis leo, a sheachaint agus cuidiú chun teorú i dtreo a n-úsáid shábháilte agus inbhuanaithe, tá sé fíor-riachtanach dá réir sin a bheith in ann aon riosca ceimiceach atá ag teacht chun cinn agus aon rud a d'fhéadfadh cur leo a shainnithint a luaithe is féidir agus chun iarmhairtí gan choinne, maidir le húsáid na gceimiceán agus a scaoileadh sa chomhshaol, a thuar.

Chun acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus ár n-éiceachórais agus daoine a chosaint, laistigh de theorainneacha ár bpláinéid, is gá measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil arna nginiúint ag ceimiceáin mar aon lena saolré ar fad. Chun meastóireacht a dhéanamh ar roinnt catagóirí tionchair, amhail an t-athrú aeráide agus úsáid acmhainní, tá gá le rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach ardcháilíochta agus is féidir leis dearadh, forbairt agus táirgeadh ceimiceán a threorú, ar ceimiceáin iad lena soláthraítear feidhm nó seirbhís inmhianaithe, agus iad sábháilte agus inbhuanaithe san am céanna, Thairis sin, d'fhéadfadh infhaighteacht faisnéis inbhuanaitheachta an t-éileamh ar cheimiceáin lena ngabhann tionchair chomhshaoil

<sup>60</sup>

[EEA: Late lessons from early warnings: the precautionary principle 1896–2000, \[Ceachtanna déanacha ó luathrabhaidh: prionsabal an réamhchúraim 1896–2000\] Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 2001](#)

níos ísle a spreagadh, rud a rachadh chun tairbhe díreach na sláinte agus an chomhshaoil.

**Tograí le haghaidh rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (COM (2022) 677 final), le haghaidh treoir lena leasaítear an treoir réime dramhaíola (COM (2023) 420 final) agus le haghaidh rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final):**

- féach na ráitis airgeadais reachtacha atá i gceangal leis na tograí.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tagann an tionscnamh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Aithnítear sa Chomhaontú Glas na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh in Eoraip níos digití agus gairtear ann go sonrath athbhreithniú a dhéanamh ar *conas gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eolaíoch a Aontais a úsáid ar bhealach níos fearr chun dul i dtreo próiseas 'substaint amháin, measúnú amháin' agus trédhearcacht níos fearr a sholáthar agus tosaíocht á tabhairt do ghníomhaíocht chun déileáil le ceimiceáin.*

Tagann an tionscnamh faoi Cheannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaoil), Teideal 9 (An Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Mar a mhionsonraítear thíos, beidh gá le tuilleadh acmhainní daonna agus roinnt caiteachais tacaíochta freisin chun an chuid sin den reachtaíocht a chur chun feidhme.

Comhlánóidh an cistiú ón Aontas a chuirtear ar fáil don taighde agus nuálaíocht trí Fís Eorpach (e.g. gníomhaíocht chomhair PARC) an tionscnamh seo.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar i measc gníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú**

Leis an togra reachtach le haghaidh rialachán a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí agus comhar a fheabhsú i measc gníomhaireachtaí i réimse na gceimiceán, leasófar dhá phíosa reachtaíochta (an Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha agus an Rialachán maidir le Feistí Leighis) chun an obair mheasúnaithe a athshannadh faoi na píosaí reachtaíochta sin chuig ECHA agus leasófar leis an rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil agus an rialachán maidir le prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia agus lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia chun comhar i measc gníomhaireachtaí maidir le forbairt modheolaíochta agus malartú sonraí.

Trí athruithe ar an rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha déanfar an cúnamh teicniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V a athshannadh do ECHA agus óstáil na sonraí faireacháin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a athshannadh do EEA. Don obair seo, beidh 1 FTE (1 TA) agus buiséad oibríochtúil EUR 35 000 in aghaidh na bliana ag teastáil ó ECHA sa chéad bhliain agus ón dara bliain ar aghaidh, beidh gá le 2 FTE (2 TA) in aghaidh

na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 50 000 sa bhliain. Níl aon acmhainn ag teastáil do EEA. Tá an obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V á fheidhmiú faoi láthair ag an gCoimisiún le cuidiú ó chomhairleoirí agus is ionann í agus thart ar 1,5 FTE in aghaidh na bliana. Tá sé beartaithe go soláthróidh rannpháirtíocht ECHA agus a Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch méadú suntasach ar an gcáilíocht eolaíoch, comhsheasmhacht, stóinseacht agus leibhéal neamhspleáchais na measúnuithe ar a bhforbraíonn an Coimisiún a thograí ar an gceist sin. Faoi láthair, déanann an Coimisiún na sonraí faireacháin ar cheimiceáin faoin rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a óstáil. Ní éileofar aon acmhainn bhreise chun an obair sin a aistriú chuig EEA, mar go bhfuil sonraí faireacháin Truailleáin Orgánacha Mharthanacha in uiscí le tuairisciú chuig EEA faoin reachtaíocht uisce agus moladh acmhainní chuige sin sa togra le déanaí, tá sonraí faireacháin faoi Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha san aer á dtuairisciú cheana féin chuig EEA mar chuid dá reachtaíocht um cháilíocht an aeir agus cumhdaithe ag acmhainní don ghníomhaíocht sin. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú. Ath-implonú éifeachtach a bheidh anseo agus cuirfidh sé cosc ar thuairisciú dúbhlach.

**Maidir le hathruithe ar an rialachán maidir le feistí leighis** ní éileofar aon acmhainn bhreise do ECHA. Déanann an Coimisiún an obair sin faoi láthair le tacaíocht ó choiste SCHEER. Meastar an úsáid acmhainní i láthair na huaire a bheith 0,3 FTE in aghaidh na bliana agus EUR 24 000 in aghaidh na bliana. Ó tharla go bhfuil minicíocht bheartaithe na hoibre an-íseal, ní bhíonn na Coistí rannphárteach ach amháin i gcás inar gá agus ní dóchúil go bhfeicfeadh an chéad obair go dtí 2029, is féidir le ECHA an obair a ionsú gan aon acmhainn bhreise.

**Ní bheidh aon impleacht ar acmhainní ag athruithe ar an rialachán maidir le EEA agus leis an rialachán maidir le prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia agus lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia.** Sna forálacha déantar na gníomhaíochtaí a fheidhmítear cheana féin a fhoirmiú, forordaítear iontu na céimeanna nós imeachta agus ceadáitear leo cur chun feidhme an togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann ina aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán. Is féidir aon ghá le hacmhainní breise a eascraíonn as na forálacha sin a ionsú leis na hacmhainní atá ag na gníomhaireachtaí cheana féin.

**Riachtanais acmhainne do ECHA de réir na reachtaíochta arna leasú tríd an togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/754 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla agus comhar a fheabhsú i measc Ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán**

Reachtaíocht	FTE						Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)		
	2025		2026		2027		2025	2026	2027
	CT	CA	CT	CA	CT	CA			
<b>Togra le haghaidh rialachán maidir le hobair eolaíoch agus theicniúil a athshannadh</b>									
Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha	1	0	2	0	2	0	35	50	50
An Rialachán maidir le Feistí Leighis	0	0	0	0	0	0	0	0	0
<b>SUIM</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>35</b>	<b>50</b>	<b>50</b>

<p><b>Úsáid acmhainní reatha le haghaidh na hoibre teicniúla agus eolaíche atá le hathshannadh do ECHA tríd an togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/754 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus feabhas a chur ar chomhar i measc Ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán</b></p>	
<p><b>Rialachán maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúnaimh teicniúil chun Iarscríbhinní IV agus V a athbhreithniú</li> <li>• Sonraí faireacháin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a óstáil</li> </ul>	<p>Iomlán ca. 1,5 FTE/bliain: EUR 300 000 ar chomhairleoirí gach 3 bliana (=1,5 FTE/bliain); (Anuas air sin, Ard-Stiúthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV) ca. 0,5 FTE/bliain (ag cur chun feidhme an athbhreithnithe ar Iarscríbhinní IV agus V) a bhfanfaidh a gcuid oibre mar a chéile)</p>
<p><b>An Rialachán maidir le Feistí Leighis</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ullmhú agus athbhreithniú na dtreoirlínte maidir le conas measúnú tairbhe-rioscaí a dhéanamh ar láithreach taláití i bhfeistí leighis</li> <li>• Ullmhú agus athbhreithniú na dtreoirlínte maidir le conas measúnú tairbhe-rioscaí a dhéanamh ar láithreach CMR agus substaintí eile ar suaiteoirí inchríneacha iad i bhfeistí leighis</li> </ul>	<p>Iomlán ca. 0,3 FTE/bliain + EUR 24 000 in aghaidh na bliana: Rúnaíocht SCHEER AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (AS SANTE) 0,3 FTE (ca. 10 % d'obair rúnaíochta SCHEER), EUR 24 000 in aghaidh na bliana do shlánaíochtaí, taisteal, e.g. costais do chomhaltaí an choiste. (Anuas air sin, AS SANTE (aonad beartais) 0,1 FTE/bliain a bhfanfaidh a gcuid oibre mar a chéile).</p>
<p><b>SUIM</b></p>	<p><b>0,3 FTE/bliain de ghnáthfhoireann; 1,5 FTE/bliain de chonraitheoirí nó baill foirne eatramhacha inmheánacha (ca. EUR 100 000/bliain); Costais oibriúcháin ca. EUR 24 000/bliain</b></p>

Mar achoimre, sa chéad bhliain, beidh **1 FTE (1 TA)** agus costais oibriúcháin **EUR 35 000** in aghaidh na bliana ag teastáil agus ón dara bliain ar aghaidh, beidh gá le **2 FTE (2 TA)** in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin **EUR 50 000 in aghaidh na bliana**. Tá na hacmhainní nua uile ag teastáil do ECHA. I bhfianaise na n-acmhainní a úsáidtear faoi láthair le haghaidh na gcúraimí atá le hathdháileadh, beidh **glanmhéadú iomlán ar na hacmhainní ó 2026 agus ina dhiaidh sin i gcomparáid le 0,2 FTE** in aghaidh na bliana agus costais oibriúcháin **EUR 26 000** in aghaidh na bliana.

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán:**

Má dhéantar **athruithe ar an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha** athshannfar na measúnuithe mar bhonn taca faoi shrianta ar shubstaintí guaiseacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach agus déanfar athbhreithniú ar iarratais ar dhíolúintí ó shrianta ECHA. Le haghaidh na hoibre sin, beidh 3 FTE (3 TA) agus buiséad oibríochtúil EUR 66 000 in aghaidh na bliana ag teastáil ó ECHA sa chéad bhliain agus ón dara bliain ar aghaidh, beidh gá le 7 FTE (4 TA + 3 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 33 000 sa bhliain. Tá an obair sin á fheidhmiú faoi láthair le cuidiú ó chomhairleoirí agus is ionann í agus thart ar 2,7 FTE in aghaidh na bliana. Tá na hacmhainní a chaitear anois neamh-leordhóthanach, áfach, agus carnadh iarrataí ar dhíolúintí dá bharr gan iad a phróiseáil chuig dréachtú dlíthiúil (faoi Nollaig 2022, bhí os cionn 60 iarratas ar feitheamh) agus cuireadh moill ar an liosta substaintí srianta (níor cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích cé gur thosaigh sé in 2018). Tá gearáin freisin faoi cháilíocht agus stóinseacht na measúnuithe, trédhearcacht an phróisis agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Trí athshannadh do ECHA agus a phróisis a úsáid, tabharfar aghaidh ar na heasnamh sin agus áiríteofar ailíniú agus comhleanúnachas le reachtaíocht eile maidir le ceimiceáin. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú. Caitear cuid de na hacmhainní sin faoi láthair ar an tacaíocht chonartha a fháil agus is féidir féachaint ar sin mar ath-implonú éifeachtach.

**Na hacmhainní is gá do ECHA don togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**

Reachtaíocht	FTE						Costais oibríocháin (in EUR 1 000)		
	2025		2026		2027		2025	2026	2027
	CT	CA	CT	CA	CT	CA			
An Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha	3	0	4	3	4	3	66	33	33
<b>SUIM</b>	<b>3</b>	<b>0</b>	<b>4</b>	<b>3</b>	<b>4</b>	<b>3</b>	<b>66</b>	<b>33</b>	<b>33</b>

--

Úsáid acmhainní reatha le haghaidh na hoibre teicniúla agus eolaíche atá le hathshannadh do ECHA tríd an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2011/65/AE a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíoch agus teicniúla don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

<b>An Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Measúnuithe mar bhonn taca faoi shrianta ar shubstaintí guaiseacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach</li> <li>• Athbhreithniú ar iarratais ar dhíolúintí ó na srianta</li> </ul>	Iomlán ca. 2,74 FTE/bliain: EUR 145 000 go bliantúil (ar an meán) le haghaidh athbhreithniú ar dhíolúintí a sheachfhoinisú (= ca. 2,2 FTE/bliain) + conradh EUR 180 000 ar an meán gach 5 bliana chun srianta a athbhreithniú (= 0,54 FTE/bliain). (Anuas air sin, AS an Chomhshaoil ca. 1,5 FTE/bliain (maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ar an iomlán) a bhfanfaidh a cuid oibre mar a chéile)
<b>SUIM</b>	<b>2,7 FTE/bliain de chonraitheoirí nó baill foirne eatramhacha inmheánacha (ca. EUR 181 000 in aghaidh na bliana);</b>

Mar achoimre, sa chéad bhliain, beidh **3 FTE (3 TA)** agus buiséad oibríochtúil **EUR 66 000** in aghaidh na bliana ag teastáil agus ón dara bliain ar aghaidh, beidh gá le **7 FTE (4 TA + 3 CA)** in aghaidh na bliana agus buiséad oibríocháin **EUR 33 000 in aghaidh na bliana**. Tá na hacmhainní nua uile ag teastáil do ECHA. I bhfianaise na n-acmhainní a úsáidtear faoi láthair le haghaidh na gcúraimí atá le hathdháileadh, beidh **glanmhéadú iomlán ar na hacmhainní ó 2026 agus ina dhiaidh sin i gcomparáid le 4,3 FTE** in aghaidh na bliana agus **EUR 33 000** in aghaidh na bliana.

**Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán:**

Bunófar **Ardán Sonraí Comhchoiteann** leis an togra. Bunóidh agus oibreoidh ECHA é le dlúthpháirtíocht agus rannchuidiú ó EEA, EFSA, EMA, EU-OSHA agus ón gCoimisiún. Áireofar san obair forbairt agus oibriú an bhonneagair agus an rialachas agus soláthar sonraí isteach san ardán. Is é an phríomhaidhm leis an mbonneagar TF nua atá ag oibriú mar chuid de Spás Sonraí an Chomhaontaithe Ghlais tacú le measúnuithe sábháilteachta ceimiceán éifeachtacha agus comhleanúnach. Soláthróidh sé rochtain chomhtháite, difreáilte de réir úsáideora agus ardfheidhmeach ar thacair sonraí a bhaineann le ceimiceáin nó faoi úinéireacht nó arna mbainistiú ag gníomhaireachtaí an Aontais agus soláthróidh sé spás do na seirbhísí tiomnaithe lena dtacaítear le beartas an Aontais maidir le ceimiceáin agus le cur chun feidhme reachtach.

Chun an obair sin a dhéanamh beidh acmhainní ag teastáil do cheithre ghníomhaireacht atá bainteach agus don Choimisiún (JRC). Tá an ceanglas acmhainne níos airde don chéad 3 bliana chun an bonneagar agus na próisis fholuiteacha uile a bhunú chun na sonraí a chomhroinnt agus iad a dhéanamh idir-inoibritheach agus i bhformáidí leordhóthanacha. Chuige sin, beidh gá leis an méid seo a leanas do na chéad 3 bliana:

- maidir le ECHA, 10 FTE (4 TA + 6 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 0 sa chéad bhliain, EUR 2 226 000 don dara bliain agus EUR 2 793 000 don tríú bliain;
- maidir le EEA, 3 FTE (1 TA + 2 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 0 sa chéad bhliain, EUR 266 000 don dara bliain agus EUR 334 000 don tríú bliain;
- maidir le EFSA, 5 FTE (5 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 670 000 sa bhliain. Chun na críche seo, síneofar ranníocaíocht/comhaontú leibhéal seirbhíse EUR 3 000 000 chun 3 FTE (3 CA) in aghaidh na bliana agus an buiséad oibriúcháin a theastaíonn a chumhdach. Maoiníofar an 2 FTE (2 CA) in aghaidh na bliana ó bhuiséad EFSA atá ann faoi láthair;
- maidir le EMA, ranníocaíocht/comhaontú leibhéal seirbhíse EUR 1 400 000 chun 3 FTE (3 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 100 000 sa bhliain a chumhdach;
- le haghaidh EU-OSHA, 0 FTE in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 0 sa bhliain;
- maidir le JRC, socrú riaracháin le haghaidh 3 bliana de EUR 540 000 chun comhtháthú IPCHEM san ardán sonraí comhchoiteann agus oibriú IPCHEM a chur de lámh do ECHA a chumhdach.

Tar éis na chéad chéime 3 bliana, laghdaítear an ceanglas acmhainne chun an bonneagar agus na próisis fholuiteacha a chothabháil agus le leanúint ar aghaidh ag soláthar sonraí. Beidh gá leis an méid seo a leanas sa chéim sin

- le haghaidh ECHA, 4 FTE (4 TA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 600 000 sa bhliain;
- le haghaidh EEA, 1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 200 000 sa bhliain;
- le haghaidh EFSA, 2 FTE (2 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 500 000 sa bhliain;
- le haghaidh EU-OSHA, 0 FTE in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 0 sa bhliain;
- le haghaidh EMA, 2 FTE (2 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibriúcháin EUR 0.

Cúiteofar na méaduithe ar na ranníocaíochtaí le gníomhaireachtaí trí bhuiséad LIFE a laghdú seachas 2 FTE (2 CA) maidir le EFSA a chúiteofar ó bhuiséad EFSA atá ann faoi láthair.

Bunófar go foirmiúil leis an togra, **an tArdán Faisnéise maidir le Faireachán ar Cheimiceáin (IPCHEM)** agus athshannfar a oibriú chuig na Gníomhaireachtaí. I ndáil leis an obair sin,

- Beidh gá le 2 FTE (1 TA + 1 CA) in aghaidh na bliana ó ECHA ón dara bliain ar aghaidh seo agus ón tríú bliain ar aghaidh beidh gá le buiséad oibriúcháin EUR 180 000 in aghaidh na bliana;
- Beidh gá le 1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana ó EEA ón gcéad bhliain ar aghaidh agus buiséad oibriúcháin sa chéad bhliain EUR 0, sa dara bliain EUR 200 000, sa tríú bliain EUR 200 000 agus ón gceathrú bliain EUR 50 000 in aghaidh na bliana.

Déanann an Coimisiún IPCHEM agus na cuntais úsáide acmhainní oibriú faoi láthair le haghaidh 4,5 FTE/bliain in iomlán. Cuirfear oibriú IPCHEM ar iontaoibh ECHA a chomhtháthóidh freisin é san Ardán Sonraí Comhchoiteann. Mar gheall go n-athshannfar oibriú IPCHEM chuig ECHA, coigleofar na hacmhainní ar thaobh an Choimisiúin. Cuirfear óstáil na sonraí ar iontaoibh na nGníomhaireachtaí bunaithe ar a sainorduithe (óstálfaidh ECHA sonraí ceirde) agus óstálfaidh EEA sonraí aeir laistigh agus baileoidh sé sonraí bithmhonatóireachta daonna. Sa togra éileofar ar ghníomhaireachtaí na sonraí maidir le teagmhais atá acu a sholáthar do ECHA lena gcomhtháthú in IPCHEM. Soláthraíonn EFSA sonraí do IPCHEM cheana féin agus rannchuidíonn sé lena oibriú agus ní éileofar leis aon acmhainn bhreise chun leanúint leis an ngníomhaíocht sin. Ní bhailíonn ná ní fhaigheann EMA agus EU-OSHA na sonraí ábhartha do IPCHEM go córasach agus dá bhrí sin, ní éileofar aon acmhainn bhreise. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA agus EEA trí bhuiséad LIFE a laghdú. Dá bhrí sin, is ath-implonú páirteach é ar acmhainní atá ann cheana.

Bunófar leis an togra **bunachar sonraí ina mbeidh faisnéis maidir le próisis rialála ar cheimiceáin** ar bhonn na huirlise comhordúcháin um ghníomhaíochtaí (poiblí) atá ann cheana ((P)ACT) agus a raon feidhme a mhéadú chun an reachtaíocht ábhartha uile a chumhdach le próisis agus tionscnaimh measúnaithe sábháilteachta chun comhordú gníomhaíochtaí um measúnú sábháilteachta a chur chun cinn ar fud reachtaíocht an Aontais agus chun trédhearcacht a sholáthar ar na measúnuithe leanúnacha. Déanfaidh an obair sin difear do ECHA, EEA, EFSA agus EU-OSHA ach ní éileofar aon acmhainn bhreise do na gníomhaireachtaí. Oibríonn ECHA cheana féin (P)ACT maidir le próisis REACH, CLP agus Truailleáin Orgánacha Mharthanacha. Oibríonn EFSA OpenOffice cheana féin a bhfuil leibhéal comhchosúil faisnéise aige is atá ag PACT don reachtaíocht maidir le bia agus beatha. Tá acmhainní maidir le hoibriú agus soláthar leanúnach faisnéise le hionsú ag na Gníomhaireachtaí mar chuid de na próisis atá ann cheana. Níl EEA agus EU-OSHA páirteach faoi láthair in aon phróiseas ábhartha don bhunachar sonraí, agus dá bhrí sin, ní éilítear aon acmhainn dóibh. Cumhdaíonn na hacmhainní dá ndéantar foráil san ardán sonraí comhchoiteann forbairt agus comhordú an chórais.

Bunófar sa togra **stór luachanna tagartha** chun athúsáid luachanna tagartha atá ann cheana a athúsáid agus dá réir sin comhleanúnachas measúnuithe a fheabhsú agus athrá luachanna tagartha díorthacha a laghdú. Déanfaidh an togra difear do ECHA, EEA, EFSA, EMA, EU-OSHA agus don Choimisiún. Chun an obair a éilítear a dhéanamh, beidh 1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana ó ECHA ón gcéad bhliain ar aghaidh agus buiséad oibríochtúil EUR 0 sa chéad bhliain, sa dara bliain EUR 650 000, sa tríú bliain EUR 650 000 agus ón gceathrú bliain EUR 200 000 in aghaidh na bliana. Ní bheidh gá le hacmhainní breise le haghaidh EEA, EFSA, EMA, EU-OSHA ná an Coimisiún. Tá Aimsitheoir Reachtaíochta an Aontais maidir le Ceimiceáin (EUCLEF) forbartha agus á fheidhmiú ag ECHA. Liostaítear in EUCLEF roinnt luachanna tagartha rialála díorthaithe agus is infheidhme faoi na píosaí reachtacha sin. Beidh ar ECHA ‘seanluachanna tagartha eolaíochta’ a chomhthiomsú, rud is féidir a dhéanamh trí chonradh. Cuirfear na luachanna tagartha eolaíochta nua ar fáil don stór de réir a chéile mar chuid de phróiseas measúnaithe ECHA. Beidh acmhainní breise ag teastáil ó ECHA chun an stór a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil, agus iad i dteagmháil le soláthraithe sonraí. Tá bunachar sonraí OpenFoodTox á fhorbairt ag EFSA ina dtugtar achoimre ar na luachanna tagartha eolaíochta a dhíorthaigh EFSA mar chuid dá ghníomhaíochtaí measúnaithe. Leanfaidh EFSA lena ghníomhaíocht agus soláthróidh sé an fhaisnéis chuig an stór nua mar chuid de na hacmhainní atá ann cheana. Dá bhrí sin, ní éilítear aon acmhainn

bhreise. Beidh gá do EMA na tíuchan nua uile gan éifeacht réamh-mheasta (PNECanna) a díorthaíodh le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta a sholáthar don stór nua tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta seo. Is féidir é sin a dhéanamh go héifeachtúil mar chuid de ghníomhaíochtaí measúnaithe EMA amach anseo. Ina theannta sin, is féidir é sin a uathoibriú do chógais dhaonna mar go bhfuil coinne le digitíú ar mheasúnú riosca comhshaoil mar chuid den athbhreithniú ar reachtaíocht um tháirgí íocshláinte daonna. Dá bhrí sin, ní éilítear aon acmhainn bhreise. Níl aon sonraí ábhartha ag EEA agus EU-OSHA don stór faoi láthair. Dá bhrí sin, ní éilítear aon acmhainn bhreise. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Cuirfidh an togra bonn foirmiúil le bunú agus oibriú **bunachar sonraí ina mbeidh faisnéis maidir leis na dlíthe agus na hoibleagáidí dlí** is infheidhme maidir le ceimiceáin faoi reachtaíocht an Aontais chun comhlíontacht a chur chun cinn. Déanfaidh an obair sin difear do ECHA ach ní éileofar aon acmhainn bhreise faoin togra seo. Oibríonn ECHA Aimsitheoir Reachtaíochta an Aontais maidir le Ceimiceáin (EUCLEF) cheana féin mar chuid den chomhaontú ranníocaíochta leis an Ard-Stiúrtóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (AS GROW). Is ionann an comhaontú ranníocaíochta sin agus ca. EUR 1,0 – 1,4 milliún go bliantúil. Reáchtálann ECHA an tseirbhís trí cheithre chomhalta foirne eatramhacha a fhostú (ca. EUR 270 000/bliain) agus trí chonraitheoirí: gníomhaíochtaí teachtaireachta le deasc chabhrach sheachtrach ca. EUR 60 000/bliain, costais TF EUR 200 000/bliain, costais sonraí EUR 430 000/bliain. Úsáidfear na hacmhainní sin atá ann cheana chun leanúint ag oibriú, forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcóras agus é a leathnú de bheagán. Déantar foráil faoi obair ar an stór luachanna tagartha maidir leis na hacmhainní le haghaidh mórshíneadh ar an gcóras, amhail an stór luachanna tagartha. Cé nach n-éilítear aon acmhainn faoin togra seo, leis an togra reachtach le haghaidh rialachán maidir le ECHA ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfíoras go raibh oibriú EUCLEF ina chúram struchtúrach le haghaidh ECHA agus ba cheart an maoiniú a bheith mar chuid den ranníocaíocht bhliantúil le ECHA.

Bunófar leis an togra bunachar sonraí i dtaca le **sonraí maidir le ceimiceáin a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil**. Déanfaidh an obair sin difear do ECHA. Éileofar ar ECHA bunachar sonraí a bhunú, é a oibriú, na sreabha sonraí leordhóthanacha isteach sa bhunachar sonraí a bhunú agus a choinneáil ar bun agus léirmhíniú ar na sonraí a sholáthar. Soláthróidh ár ngníomhaireachtaí (EEA, EFSA, EMA agus EU-OSHA), má óstálann siad sonraí inbhuanaithe comhshaoil maidir le ceimiceáin, na sonraí sin do ECHA agus rachaidh siad i gcomhar de réir mar is gá le ECHA ar an bhforbairt. Chun an obair a dhéanamh, beidh 1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana ó ECHA ón dara bliain ar aghaidh agus buiséad oibríochtúil EUR 0 in aghaidh na bliana. Ní bheidh acmhainní breise de dhíth ar ghníomhaireachtaí eile mar go bhfuil a gcúram beag, ní bhailíonn siad aon sonraí ábhartha go gníomhach, agus má bhíonn aon cheann de na sonraí den sórt sin acu, tá méid na faisnéise atá acu faoi láthair an-teoranta. Is féidir an obair fhéideartha um chomhar sa réimse seo a ionsú in acmhainní na ngníomhaireachtaí atá ann faoi láthair. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Bunófar leis an togra **sásra um ghiniúint sonraí** lena cheadú do ECHA agus don Choimisiún staidéir a choimisiúnú le tacú le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin laistigh de shainordú ECHA nó lena rannchuidítear le forbairt bheartas an Aontais maidir le ceimiceáin. Ní féidir na staidéir a choimisiúnú

ach amháin i gcás nach féidir torthaí a bhaint amach trí na forálacha dlíthiúla atá ann cheana agus ní bheidh príomhchuspóir taighde agus forbartha leo. Ceadóidh an sásra sin do ECHA agus don Choimisiún sonraí a ghiniúint i gcás inar gá agus ní féidir iad a fháil ina mhalairt de chás. Tá gá le rannpháirtíocht ECHA mar go bhfuil gá le saineolas teicniúil chun staidéir den sórt sin a choimisiúnú. Chun an obair a dhéanamh, beidh 1 FTE (1 TA) agus buiséad oibríochtúil EUR 0 ag teastáil ó ECHA sa chéad bhliain, 2 FTE (1 TA agus 1 CA) agus buiséad oibríocháin EUR 1 000 000 sa dara bliain, 2 FTW (1 TA agus 1 CA) agus buiséad oibríocháin EUR 3 000 000 sa tríú bliain agus ón gceathrú bliain ar aghaidh 2 FTE (1 TA agus 1 CA) in aghaidh na bliana agus buiséad oibríocháin EUR 5 000 000 in aghaidh na bliana. Níl aon phróiseas i bhfeidhm faoi láthair, ach tá próiseas comhlántach arna oibriú ag EFSA don earnáil bia (4 FTE/bliain, EUR 15 000 000/bliain). Leanfar á oibriú taobh leis an gceann nua agus éilítear ar an dá Ghníomhaireacht (ECHA agus EFSA) dul i gcomhar i gcás ina bhfuil staidéir den sórt sin á gcoimisiúnú agus comhphlean a fhorbairt. Cúiteofar an méadú ar an ionchur le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Leathnófar sa togra an **oibleagáid chun fógra a thabhairt faoi staidéir** sula dtosaíonn siad ón earnáil bia chuig na hearnálacha ceimiceacha uile. Beidh acmhainn bhreise ag teastáil ó ECHA chun an obair sin a dhéanamh. Beidh gá le 3 FTE (1 TA agus 2 CA) in aghaidh na bliana ó ECHA ón gcéad bhliain ar aghaidh agus buiséad oibríochtúil EUR 0 sa chéad bhliain, sa dara bliain EUR 1 200 000, sa tríú bliain EUR 400 000 agus ón gceathrú bliain EUR 200 000 in aghaidh na bliana. Éileofar ar ECHA an bunachar sonraí a fhorbairt, é a oibriú, comhlíontacht leis na forálacha a éascú agus a sheiceáil agus aiseolas a sholáthar do na sealbhóirí dualgais. Oibríonn EFSA cheana féin bunachar sonraí um fhógraí maidir le staidéir chun freastal ar an oibleagáid faoi reachtaíocht na hearnála bia. Is ionann na hacmhainní a úsáidtear agus 2 FTE/bliain agus EUR 400 000/bliain. Éileofar ar EFSA agus ECHA comhoiriúnacht na gcóras a áirithiú. Ní éilítear aon acmhainn bhreise don EFSA ina leith sin. Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Cuirfear oibriú an chreata táscairí le haghaidh ceimiceán ar bhonn foirmiúil sa togra agus bunófar leis **córas luathrabhaidh agus gníomhaíochta le haghaidh ceimiceán**. Éileofar acmhainní breise do EEA maidir leis an obair sin. Beidh 1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana ag teastáil ó EEA ón gcéad bhliain ar aghaidh agus buiséad oibríochtúil sa chéad bhliain EUR 0, sa dara bliain EUR 300 000 agus ón tríú bliain ar aghaidh EUR 150 000 in aghaidh na bliana. Forbraíonn EEA agus ECHA i gcomhpháirt cheana féin an creat táscairí le haghaidh ceimiceán mar chuid den ghealltanas faoin 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol. Mar gheall go raibh na hacmhainní ar chreat táscaire (2 FTE in aghaidh na bliana do ECHA, 1 FTE in aghaidh na bliana do EEA) sannta cheana féin mar chuid den 8ú EAP, níl gá le hacmhainní breise don obair seo. Cúram nua, nach bhfuil ann cheana is ea córas luathrabhaidh agus gníomhaíochta a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leis an fhreagairt rialála le rioscaí sainaitheanta a ghiorrú go suntasach. Beidh sé de chúram ar EEA comharthaí luathrabhaidh a bhailiú ó ghníomhaireachtaí eile, ó Bhallstáit agus trína gníomhaíocht féin agus tuarascáil a thiomsú go bliantúil lena phlé agus chun cinneadh a dhéanamh faoin ngníomh leantach le húdaráis na mBallstát. Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le EEA trí bhuiséad LIFE a laghdú. Ionsúfaidh gníomhaireachtaí rannchuidithe eile (ECHA, EFSA, EMA agus EU-OSHA) na costais mar chuid de gníomhaíochtaí atá ann cheana. I gcás ECHA, úsáidfear go páirteach sannadh acmhainní don chreat táscaire chun tacú le EEA trí na comharthaí luathrabhaidh ábhartha a ghiniúint. Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le EEA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Bunófar leis an togra **faireachlann le haghaidh ceimiceáin shonracha a d'fhéadfadh cur le rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn**. Cuirfidh sé sin oibriú Fhaireachlann Eorpach um Nana-ábhair an Aontais atá ann cheana ar bhonn foirmiúil *de facto* agus leathnóidh sé a raon feidhme chuig ceimiceáin shonracha a mheastar go dtairbheoidís de ghrinnscrúdú breise agus faisnéis iontaofa maidir lena n-airíonna, gnéithe sábháilteachta, úsáidí agus láithreach ar an margadh. Déanfaidh an obair sin difear do ECHA ach ní éileofar aon acmhainn bhreise faoin togra seo. Oibríonn ECHA Faireachlann an Aontais do nana-ábhair mar chuid de chomhaontú ranníocaíochta le AS GROW. Is ionann na hacmhainní a úsáidtear agus thart ar EUR 700 000 in aghaidh na bliana lena n-áirítear na 3 FTE (3CA). Úsáidfeadh na hacmhainní sin atá ann cheana chun leanúint ag oibriú, forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcóras agus é a leathnú de bheagán. Leis an togra reachtach mar ullmhúchán do rialachán maidir le ECHA, tabharfar aghaidh ar an bhfóras go raibh oibriú EUCLEF ina chúram struchtúrach le haghaidh ECHA agus ba cheart an maoiniú a bheith mar chuid den ranníocaíocht bhliantúil le ECHA.

<b>Ceanglais acmhainne in aghaidh na gníomhaíochta don togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán</b>									
<b>Gníomhaíocht</b>	<b>FTE</b>						<b>Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)</b>		
	<b>2025</b>		<b>2026</b>		<b>2027</b>		<b>2025</b>	<b>2026</b>	<b>2027</b>
	<b>CT</b>	<b>CA</b>	<b>CT</b>	<b>CA</b>	<b>CT</b>	<b>CA</b>			
Ardán sonraí comhchoiteann	5	16	5	16	5	16	950	3 442	4 077
An tArdán Faisnéise maidir le Faireachán ar Cheimiceáin (IPCHEM)	1	0	2	1	2	1	0	200	380
Faisnéis maidir le próisis rialála um cheimiceáin	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Stór luachanna tagartha	1	0	1	0	1	0	0	650	650
Faisnéis faoi na hoibleagáidí faoi ghníomhartha an Aontais maidir le ceimiceáin	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Sonraí maidir le ceimiceáin a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil	0	0	1	0	1	0	0	0	0
Sásra um ghiniúint sonraí	1	0	1	1	1	1	0	1 000	3 000
Sásra chun fógra a thabhairt maidir le staidéir agus bunachar sonraí d'fhógraí staidéir	1	2	1	2	1	2	0	1 200	400
Córas luathrabhaidh agus gníomhaíochta le haghaidh rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn agus creat táscairí	1	0	1	0	1	0	0	300	150
Faireachlann le haghaidh ceimiceáin shonracha a d'fhéadfadh cur le rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn	0	0	0	0	0	0	0	0	0
<b>SUIM</b>	<b>10</b>	<b>18</b>	<b>12</b>	<b>20</b>	<b>12</b>	<b>20</b>	<b>950</b>	<b>6 792</b>	<b>8 657</b>

<b>Acmhainní riachtanacha in aghaidh na gníomhaireachta/seirbhíse i gcomhair an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán</b>									
<b>Gníomhaireacht / Seirbhís</b>	<b>FTE</b>						<b>Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)</b>		
	<b>2025</b>		<b>2026</b>		<b>2027</b>		<b>2025</b>	<b>2026</b>	<b>2027</b>
	<b>CT</b>	<b>CA</b>	<b>CT</b>	<b>CA</b>	<b>CT</b>	<b>CA</b>			
ECHA	7	8	9	10	9	10	0	5 076	7 023
EEA	3	2	3	2	3	2	0	766	684

EFSA	0	5	0	5	0	5	670	670	670
EMA	0	3	0	3	0	3	100	100	100
EU OSHA	0	0	0	0	0	0	0	0	0
JRC	0	0	0	0	0	0	180	180	180
<b>SUIM</b>	<b>10</b>	<b>18</b>	<b>12</b>	<b>20</b>	<b>12</b>	<b>20</b>	<b>950</b>	<b>6 792</b>	<b>8 657</b>

--

<p><b>Úsáid acmhainní reatha le haghaidh na hoibre teicniúla agus eolaíche atá le hathshannadh do Ghníomhaireachtaí mar chuid den togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceáin</b></p>	
IPCHEM	Iomlán 4,5 FTE/bliain: Foireann AS an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) 2,5 FTE/bliain + saineolaithe TF inmheánacha 2 FTE/bliain (EUR 130 000 in aghaidh na bliana).
Faisnéis maidir le próisis rialála um ceimiceáin	Oibríonn ECHA cheana féin (P)ACT maidir le próisis REACH, CLP agus Truailleáin Orgánacha Mharthanacha. Oibríonn EFSA OpenEFSA cheana féin a bhfuil leibhéal comhchosúil faisnéise aige is atá ag PACT. Tá acmhainní maidir le hoibriú agus soláthar leanúnach faisnéise le hionsú ag na Gníomhaireachtaí.
Faisnéis faoi na hoibleagáidí faoi ghníomhartha an Aontais maidir le ceimiceáin	Oibríonn ECHA cheana féin EUCLEF agus maoinítear é sin tríd an gcomhaontú ranníocaíochta idir AS GROW agus ECHA. Ní theastaíonn aon acmhainn bhreise ach ba cheart foirmiúlú an leithdháilte acmhainne a dhéanamh tríd an togra le haghaidh rialachán maidir le ECHA.
Faireachlann le haghaidh ceimiceáin shonracha a d'fhéadfadh cur le rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn	Oibríonn ECHA Faireachlann an Aontais Eorpaigh um Nana-ábhair cheana féin agus maoinítear é sin tríd an gcomhaontú ranníocaíochta idir AS GROW agus ECHA. Ní theastaíonn aon acmhainn bhreise ach ba cheart foirmiúlú an leithdháilte acmhainne a dhéanamh tríd an togra le haghaidh rialachán maidir le ECHA.
<b>SUIM</b>	<b>2,5 FTE/bliain de ghnáthfhoireann; 2 FTE/bliain de chonraitheoirí inmheánacha nó foireann eatramhach (ca. EUR 130 000/bliain)</b>

Mar achoimre, tá an togra reachtach maidir le sonraí ceimiceáin comhdhéanta de 10 ngníomhaíocht shainiúla a dhéanfaidh difear do cheanglais acmhainne ECHA, EEA, EFSA, EMA agus an Choimisiúin. Sna chéad 3 bliana beidh gá le suas go **32 FTE (12 TA agus 20 CA) in aghaidh na bliana** agus buiséad oibríochtúil suas le **EUR 8 657 000 in aghaidh na bliana**. Sa cheathrú bliain agus ina dhiaidh sin, beidh gá le suas go **20 FTE (12 TA agus 8 CA) in aghaidh na bliana** agus buiséad oibríochtúil suas le **EUR 7 080 000 in aghaidh na bliana**. Ní mór a thabhairt faoi deara gur ann cheana féin do roinnt gníomhaíochtaí a áirítear sa ríomh thuas agus tá siad maoinithe mar chuid de chroí-obair ECHA agus EFSA atá ann cheana (amhail (P)ACT), trí na comhaontuithe ranníocaíochta idir GROW agus ECHA (EUCLEF agus Faireachlann an Aontais Eorpaigh um Nana-ábhair) nó ó chroígníomhaíochtaí JRC (IPCHEM). Úsáidfeadh acmhainní maidir le hoibriú (P)ACT agus tairseach OpenEFSA ba cheart a fhothú isteach sa leagan leathnaithe de (P)ACT chun leathnú (P)ACT le haghaidh píosaí eile reachtaíochta a ionsú, lena n-áirítear cumasc OpenEFSA isteach in (P)ACT. Na hacmhainní chun EUCLEF agus EUON a oibriú, úsáidfeadh iad chun leanúint de na córais a oibriú, a fhorbairt agus a leathnú de bheagán, agus pléifeadh sa togra le haghaidh rialachán maidir le ECHA gur éirigh oibriú EUCLEF agus EUON ina chúram struchtúrach do ECHA agus go bhfuil gá a áirithiú gur cheart an maoiniú a bheith mar chuid den ranníocaíocht bhliantúil le ECHA. Dá bhrí sin, don chuid sin den obair, níl aon acmhainn bhreise ag teastáil faoin togra seo. Tá na hacmhainní a úsáidtear faoi láthair chun IPCHEM a oibriú

comhdhéanta de 2,5 FTE/bliain de ghnáthfhoireann, 2 FTE de chonraitheoirí inmheánacha (EUR 130 000 in aghaidh na bliana). Mar gheall go ndéanfar an cúram seo a athshannadh, ní bheidh na hacmhainní a úsáidtear faoi láthair don chúram seo de dhíth ar an gCoimisiún. Dá bhrí sin, beidh **glanmhéadú iomlán ar na hacmhainní ó 2028 agus ina dhiaidh sin i gcomparáid le inniu 15,5 FTE** in aghaidh na bliana agus costais oibriúcháin **EUR 7 800 000** in aghaidh na bliana.

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (COM (2022) 677 final):**

Go teoiriciúil, d'fhéadfaí reachtaíochtaí náisiúnta a bhunú sna Ballstáit. Ní bheadh aon ráthaíocht ann, áfach, go gcuirfí i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud an Aontais agus is cinnte go gcuirfeadh sin le tuilleadh ilroinnte sa mhargadh inmheánach.

Ní féidir cúraimí a sheachtrú a bhaineann le reachtaíocht a fhorbairt ar leibhéal an Aontais.

Sanntar sa togra seo an cúram do ECHA staidéar raon feidhme a fheidhmiú ar cheimiceáin i bpacáistíocht a bheadh ina n-iarrthóirí le srianadh. Is próiseas nua é sin dá mbeidh **1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana ag teastáil ar feadh 3 bliana** in ECHA. Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

**Ceanglais acmhainne do ECHA i gcomhair togra le haghaidh Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (COM (2022) 677 final)**

Reachtaíocht	FTE						Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)		
	2025		2026		2027		2025	2026	2027
	CT	CA	CT	CA	CT	CA			
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht	1	0	1	0	1	0	0	0	0
SUIM	1	0	1	0	1	0	0	0	0

**Togra le haghaidh treoir lena leasaítear an Treoir Réime Dramhaíola (COM (2023) 420 final):**

Leagtar síos leis an togra athruithe ar cheanglais tuairiscithe na mBallstát i ndáil le sreabhadh sonraí maidir le hathúsáid táirgí chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Éileofar sna ceanglais tuairiscithe breisithe **1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana in EEA**. Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le EEA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

**Ceanglais acmhainne do EEA i gcomhair togra le haghaidh Treorach lena leasaítear an Treoir Réime Dramhaíola (COM (2023) 420 final)**

Reachtaíocht	FTE						Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)		
	2025		2026		2027		2025	2026	2027
	CT	CA	CT	CA	CT	CA			
An Treoir Réime Dramhaíola	1	0	1	0	1	0	0	0	0
SUIM	1	0	1	0	1	0	0	0	0

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023) 451 final):**

Tá gá le tacaíocht ECHA chun an measúnú riosca a fheabhsú ar na díolúintí substainte guaisí atá fágtha, go háirithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an síneadh le raon feidhme agus cumhdach féideartha níos leithne ar shubstaintí a bhfuil inní

fúthu (1 FTE (1 TA) in aghaidh na bliana do ECHA). Cúiteofar an t-ionchur méadaithe le ECHA trí bhuiséad LIFE a laghdú.

Ceanglais acmhainne do ECHA maidir le togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite (COM (2023 451 final)									
Reachtaíocht	FTE						Costais oibriúcháin (in EUR 1 000)		
	2025		2026		2027		2025	2026	2027
	CT	CA	CT	CA	CT	CA			
Rialachán maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite	1	0	1	0	1	0	0	0	0
<b>SUIM</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

--

## 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

### tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go dtí BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go dtí BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

### tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2025 go 2028,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme<sup>61</sup>

### Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

### Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

### Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí phoiblí;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Barúlacha' le do thoil.*

<sup>61</sup> Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracom.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbearta agus na coinníollacha atá leo*

Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach méadú ar an ranníocaíocht le ECHA agus EEA, agus comhaontuithe ranníocaíochta/leibhéal seirbhíse le EFSA agus EMA.

Beidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme agus as tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíontacht. Tuairisceoidh na gníomhaireachtaí maidir le cur chun feidhme a ranníocaíochtaí agus na ngníomhaíochtaí gaolmhara ina dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach méadú ar an ranníocaíocht le ECHA agus EEA, agus comhaontuithe ranníocaíochta/leibhéal seirbhíse le EFSA agus EMA.

Déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil, i gcomhthéacs a maoirseachta ar eintitis dhíláráithe, agus na gníomhaireachtaí a straitéisí rialaithe féin a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cé go mbeidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme chomh maith le tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíontacht, cumhdóidh a gcórais inmheánacha um rialú agus bainistíocht riosca atá ailínithe leis na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta na hacmhainní breise arna gcur ar fáil do na gníomhaireachtaí. Déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil na rialuithe a bhaineann lena maoirseacht ar ghníomhaireacht dhíláráithe a chur i bhfeidhm. Ní shainaitnítear aon riosca sonracha i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid bhreise atá le soláthar do na gníomhaireachtaí.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tá coinne leis go bhfanfaidh an riosca earráide tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta faoi bhun 2 %. Tá freagracht iomlán ar na gníomhaireachtaí as a mbuiséad a chur chun feidhme, agus tá Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil freagrach as na ranníocaíochtaí a íoc go tráthrialta.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

I dteannta na rialuithe a eascraíonn as na straitéisí rialaithe a liostaítear thuas, tá an ghníomhaíocht faoi réir grinnscrúdú ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach,

ina cáil mar iniúchóir inmheánach an Choimisiúin agus na gníomhaireachtaí díláraithe, agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ina cáil mar iniúchóir seachtrach institiúidí an Aontais.

Coinníonn an Coimisiún straitéis frithchhalaoise láidir ar bun, is é sin CAFS, atá faoi athbhreithniú faoi láthair. Comhlánaíonn Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil é sin trí straitéis frithchhalaoise áitiúil a chumhdaíonn na gníomhaíochtaí a thagann faoina sainchúram.

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

#### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéanfar difear dóibh

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN <sup>62</sup>	ó thíortha de chuid CSTE <sup>63</sup>	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha <sup>64</sup>	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	09.0202 – LIFE Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil	Difreáilte	IS EA	IS EA	NÍL	NÍL
3	09.10.01 An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – Treoracha comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta	Difreáilte	IS EA	NÍL	NÍL	NÍL
3	09.10.02 An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (ENV)	Difreáilte	IS EA	IS EA	IS EA	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

N/B

<sup>62</sup> LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

<sup>63</sup> CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

<sup>64</sup> Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

#### 3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

<b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</b>	Uimhir	<b>Ceannteideal 3 (Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol)</b>
--	--------	--

<b>Gníomhaireacht: ECHA – Treoracha maidir leis an gComhshaol</b>			<b>2024</b>	<b>2025</b>	<b>2026</b>	<b>2027</b>	<b>IOMLÁN</b>
Teideal 1: Caiteachas ar phearsanra	Gealltanais	(1a)	0	1,765	4,991	5,091	<b>11,848</b>
	Íocaíochtaí	(2a)	0	1,765	4,991	5,091	<b>11,848</b>
Teideal 2: Bonneagar	Gealltanais	(1b)					
	Íocaíochtaí	(2b)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1c)	0	0,101	5,159	7,106	<b>12,366</b>
	Íocaíochtaí	(2c)	0	0,101	5,159	7,106	<b>12,366</b>
<b>IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ECHA</b>	Gealltanais	=1a + 1b + 1c	0	1,866	10,150	12,197	<b>24,214</b>
	Íocaíochtaí	=2a + 2b + 2c	0	1,866	10,150	12,197	<b>24,214</b>

Sonraítear mionsonraí na gcúraimí atá le feidhmiú ag ECHA sa doiciméad inmheánach oibre<sup>65</sup> a ghabhann leis an togra dlíthiúil seo, go háirithe in Iarscríbhinní III agus IV. Fritháireofar an méadú thuas ar an ionchur le ECHA ó Chlár LIFE (líne bhuiséid: 09.02.02).

<sup>65</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 850

<b>Gníomhaireacht: EEA</b>			<b>2024</b>	<b>2025</b>	<b>2026</b>	<b>2027</b>	<b>IOMLÁN</b>
Teideal 1: Caiteachas ar phearsanra	Gealltanais	(1a)	0	0,595	1,214	1,238	<b>3,046</b>
	Íocaíochtaí	(2a)	0	0,595	1,214	1,238	<b>3,046</b>
Teideal 2: Bonneagar	Gealltanais	(1b)					
	Íocaíochtaí	(2b)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1c)	0	0	0,766	0,684	<b>1,450</b>
	Íocaíochtaí	(2c)	0	0	0,766	0,684	<b>1,450</b>
<b>IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh EEA</b>	Gealltanais	=1a + 1b + 1c	0	0,595	1,980	1,922	<b>4,496</b>
	Íocaíochtaí	=2a + 2b + 2c	0	0,595	1,980	1,922	<b>4,496</b>

Sonraítear mionsonraí na gcúraimí atá le feidhmiú ag EEA sa doiciméad inmheánach oibre<sup>66</sup> a ghabhann leis an togra dlíthiúil seo, go háirithe in Iarscríbhinní III agus IV. Fritháireofar an méadú thuas ar an ionchur le EEA ó Chlár LIFE (líne bhuiséid: 09.02.02).

<b>Ard-Stúirthóireacht: An Comhshaol</b>			<b>2024</b>	<b>2025</b>	<b>2026</b>	<b>2027</b>	<b>IOMLÁN</b>
Rannchuidiú/Comhaontú ar leibhéal seirbhíse le EFSA	Líne bhuiséid: 09.02.02						
	Gealltanais	(1a)	-	1.000	1.000	1.000	<b>3 000</b>
Rannchuidiú/Comhaontú ar leibhéal seirbhíse le EMA	Gealltanais	(1b)	-	0,467	0,467	0,467	<b>1.400</b>
	Íocaíochtaí	(2b)	-	0,467	0,467	0,467	<b>1.400</b>
Comhaontuithe Riaracháin le JRC	Gealltanais	(1b)	-	0.180	0.180	0.180	<b>0,540</b>
	Íocaíochtaí	(2b)	-	0.180	0.180	0.180	<b>0,540</b>
○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	-	1,580	1,580	1,580	<b>4,740</b>
	Íocaíochtaí	(5)	-	1,580	1,580	1,580	<b>4,740</b>

<sup>66</sup>

Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 850

○ IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath		(6)					
<b>IOMLÁN na leithreasuithe</b>	Gealltanais	= 4+ 6	-	1,647	1,647	1,647	<b>4,940</b>
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	-	1,647	1,647	1,647	<b>4,940</b>
<b>le haghaidh AS an Chomhshaoil</b>							

Meastar an gá le hacmhainní breise do EFSA a bheith ag trí bhall foirne ar conradh agus EUR 2 mhiliún den chaiteachas oibríochtúil. Meastar an gá le hacmhainní breise do EMA a bheith ag trí bhall foirne ar conradh agus EUR 0,3 milliún den chaiteachas oibríochtúil. Le linn 2025-2027, cumhdófar na costais sin trí chomhaontú ranníocaíochta/leibhéal seirbhíse idir na gníomhaireachtaí agus AS ENV. Gan dochar don chomhaontú CAI amach anseo, ba cheart na costais ó 2028 ar aghaidh a chumhdach le fóirdheontais an Aontais chuig na gníomhaireachtaí sin.

Ina theannta sin, meastar an gá le hacmhainní breise do JRC a bheith ag EUR 0,540 milliún de chaiteachas oibríochtúil, le sruthú trí chomhaontú riaracháin.

			2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)					
	Íocaíochtaí	(5)					
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath (gach ceannteideal oibríochta)		(6)					
<b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)</b>	Gealltanais	= 4+ 6	0	4,108	13,777	15,766	<b>33,650</b>
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	0	4,108	13,777	15,766	<b>33,650</b>

<b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</b>	<b>7</b>	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Ba cheart an chuid seo a líonadh isteach agus úsáid á baint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais), agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>									
<input type="radio"/> Acmhainní daonna									
<input type="radio"/> Caiteachas riaracháin eile									
<b>IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht</b> <.....>	Leithreasuithe								

<b>IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)								
--	---	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
<b>IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	Gealltanais	0	4,108	13,777	15,766	<b>33,650</b>
	Íocaíochtaí	0	4,108	13,777	15,766	<b>33,650</b>

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir	Cineál <sup>67</sup>	Meánchostas	Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN			
			ASCHUIR																	
			Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 <sup>68</sup> ...																				
- Aschur																				
- Aschur																				
- Aschur																				
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1																				
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																				
- Aschur																				
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2																				
<b>IOMLÁN</b>																				

<sup>67</sup> Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

<sup>68</sup> Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir(i) sonracha(a)...’

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar acmhainní daonna agus ar leithreasuithe de chineál riaracháin ECHA, EEA, EFSA agus EMA

3.2.3.1. An méid a mheastar a éileofar ar acmhainní daonna ECHA

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

I gcás inarb infheidhme, léirítear leis na figiúirí suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Foirme sealadacha (Gráid AD)	-	-	1,330	3,548	3,619	8,496
Foirme sealadacha (gráid AST)	-	-	-	-	-	-
Baill foirne ar conradh	-	-	0,436	1,444	1,473	3,352
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-	-	-	-
<b>IOMLÁN</b>	-	-	1,765	4,991	5,091	11,848

Riachtanais foirne (FTE):

	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Foirme sealadacha (Gráid AD)	-	-	13	17	17	
Foirme sealadacha (gráid AST)	-	-	-	-	-	
Baill foirne ar conradh	-	-	8	13	13	
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-	-	-	
<b>IOMLÁN</b>	-	-	21	30	30	

3.2.3.2. An méid a mheastar a éileofar ar acmhainní daonna EEA

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

I gcás inarb infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Foirme sealadacha (Gráid AD)	-	-	0,470	0,959	0,978	2,406
Foirme sealadacha (gráid AST)	-	-	-	-	-	-
Baill foirne ar conradh	-	-	0,125	0,255	0,260	0,640
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-	-	-	-
<b>IOMLÁN</b>			0,595	1,214	1,238	3,046

Riachtanais foirne (FTE):

	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Foirme sealadacha (Gráid AD)	-	-	4	4	4	
Foirme sealadacha (gráid AST)	-	-	-	-	-	
Baill foirne ar conradh	-	-	2	2	2	
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-	-	-	
<b>IOMLÁN</b>			6	6	6	

### 3.2.3.3. An méid a mheastar a éileofar ar acmhainní daonna EMA

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfead acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfead acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Riachtanais foirne (FTE):

	2025	2026	2027
Foirme sealadacha (Gráid AD)	-	-	-
Foirme sealadacha (gráid AST)	-	-	-

Baill foirne ar conradh	3	3	3
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-

<b>IOMLÁN</b>	3	3	3
---------------	---	---	---

### 3.2.3.4. An méid a mheastar a éileofar ar acmhainní daonna EFSA

- Ní éilfonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Riachtanais foirne (FTE):

	2025	2026	2027
--	------	------	------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	-		
Foirne sealadacha (gráid AST)	-	-	-
Baill foirne ar conradh	5	5	5
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht	-	-	-

<b>IOMLÁN</b>	5	5	5
---------------	---	---	---

### 3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Fritháireofar na méaduithe ar fhóirdheontais na ngníomhaireachtaí ó chlár LIFE seachas 2 FTE (2 CA) maidir le EFSA a mhaoineofar ó bhuiséad EFSA atá ann faoi láthair mar a shonraítear thuas.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

### 3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N <sup>69</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
<b>IOMLÁN</b> leithreasuithe cómhaoinithe								

<sup>69</sup> Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
  - ar acmhainní dílse
  - ar ioncam eile
  - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne bhuiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh <sup>70</sup>				
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)
Airteagal .....						

I gcás ioncam sannta, sonraigh na línte buiséid a ndéantar difear dóibh.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

<sup>70</sup>

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.